



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12711/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0269(COD)**

**MI 679
COMPET 727
IA 142
CONSOM 230
POLCOM 123
ENFOCUSTOM 128
CODEC 1346**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 453 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 453 final.

Faoi iamh: COM(2022) 453 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.9.2022
COM(2022) 453 final

2022/0269 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an
Aontais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1 COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an pobal idirnáisiúnta tiomanta do dheireadh a chur le saothar éigeantais faoi 2030 (Sprioc forbartha inbhuanaithe 8.7 na Náisiún Aontaithe)¹. Mar sin féin, tá úsáid fhorleathan á baint as i gcónaí. Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) gur 27.6 milliún duine atá i saothar éigeantais ar fud an domhain².

I gcomhréir le Conarthaí an Aontais, cuireann an tAontas meas ar chearta an duine chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear cearta saothair bainteacha mar shampla mar chuid dá thiomantas obair chuibhiúil a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, is tosaíochtaí de chláir oibre an Aontais maidir le cearta an duine saothar éigeantais a chomhrac agus caighdeáin díchill chuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur chun cinn.

Is é is cuspóir don togra seo toirmeasc a chur go héifeachtach ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais, lena n-áirítear saothar leanaí éigeantais, a chur ar mhargadh an Aontais, a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas. Clúdaíonn an toirmeasc táirgí arna dtáirgeadh agus arna n-allmhairiú sa chríoch baile. Ag tógáil ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ag teacht le tionscnaimh chothrománacha agus earnála an Aontais atá ann cheana, go háirithe oibleagáidí tuairiscithe agus i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach, leagtar síos leis an togra toirmeasc arna thacú ag creat forfheidhmithe láidir riosca-bhunaithe.

Rinne an tUachtarán von der Leyen an tionscnamh a fhógairt ar dtús ina hóráid maidir le Staid an Aontais an 15 Meán Fómhair 2021³. Rinneadh gnátheilimintí an togra seo a leagan síos an 23 Feabhra 2022 i *Teachtaireacht maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain*⁴ de chuid an Choimisiúin agus i dtogra an Choimisiúin do threoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach⁵.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Fógraíodh leis an *Teachtaireacht maidir le obair chuibhiúil ar fud an domhain* agus togra an Choimisiúin le haghaidh treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach go raibh an Coimisiún ag ullmhú tionscnamh nua reachtach, a chuirfeadh toirmeasc go héifeachtach ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais nó iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais.

¹ <https://www.unodc.org/roseap/en/sustainable-development-goals.html>.

² Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ippec/documents/publication/wcms_854733.pdf.

³ [Staid an Aontais 2021 | An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

⁴ [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe](#), COM(2022) 66 críochnaitheach.

⁵ Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hinbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM(2022) 71 críochnaitheach, 23.2.2022.

Clúdaítear leis an treoir atá beartaithe i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach na tionchair atá ag saothar éigeantais. Liostaítear, go háirithe, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoir atá beartaithe saothar éigeantais i measc na sárúithe ar chearta agus ar thoirmisc, mar a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, amhail Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 maidir le saothar éigeantais, Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais 2014 agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 105 maidir le saothar éigeantais a chur ar ceal.

Téann togra an choimisiúin le haghaidh treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach i ngleic le hiompar corparáideach agus le próisis díchill chuí le haghaidh cuideachtaí a thagann faoina raon feidhme agus ní fhorálann do bhearta atá beartaithe go sonrach chun cosc a chur ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais ná cosc a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais. Díríonn an togra ar chóras a bhunú laistigh den dlí cuideachta agus den rialachas corparáideach chun dul i ngleic le mí-úsáidí ar chearta an duine agus comhshaoil in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, in oibríochtaí a bhfo-chuideachtaí agus a slabhraí luacha. Ceanglaítear ar chuideachtaí dul i mbun rannpháirtíochta lena gcomhpháirtithe gnó ina slabhraí luacha chun sárúithe a leigheas. Dícheangal an rogha deiridh i gcás nach féidir tionchair dhochracha a mhaolú. Cé go n-áirítear ann smachtbhannaí i gcás neamhchomhlíontachta le hoibleagáidí díchill chuí, ní cheanglaítear ar Bhallstáit nó ar chuideachtaí toirmeasc a chur ar aon táirge a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

In Airteagal 5(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁶ tá toirmeasc go sainráite ar shaothar éigeantais. Cumhdaítear go maith an toirmeasc sin i reachtaíocht reatha an Aontais agus i dtionscnamh reachtacha atá le teacht, chomh maith le haghaidh a thabhairt air i dtionscnaimh idirnáisiúnta agus Eorpacha.

I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí treoir⁷ chun cuidiú le gnóthais san Aontas bearta iomchuí a ghlacadh chun dul i ngleic le saothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus ina slabhraí soláthair, bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. D'fhóin an doiciméad sin mar cheangal i dtreo reachtaíocht atá dírithe ar shaothar éigeantais. Tá an togra seo i gcomhréir le cur chuige na teorach sin, a ghlacfar san áireamh nuair a bheidh aghaidh á thabhairt ar bhearta na n-oibreoirí eacnamaíocha.

Is foirm dúshaothraithe saothair é saothar éigeantais ar féidir pionós a ghearradh ina leith faoi Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint⁸. Ina theannta sin, bunaítear leis an Treoir dliteanas daoine dlítheanacha, in éineacht le smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla, i leith an dúshaothraithe dá dtagraítear sa Treoir sin, i gcás go ndearna duine ar bith a bhfuil ardseasmh aige laistigh den duine dlítheanach an dúshaothrú sin dá leas féin nó i gcás go raibh an chion indéanta mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe. Comhlánóidh an togra seo an Treoir sin agus ní chuirfidh sé bac ar na húdaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis fhorfheidhmiú an dlí, ó bhearta a ghlacadh laistigh dá n-inniúlacht, maidir leis an gcion líomhnaithe nó deimhnithe i dtaca le gáinneáil ar dhaoine a bhaineann le saothar éigeantais agus dúshaothrú saothair.

⁶ Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

⁷ [Treoir maidir le dícheall cuí do ghnóthais an Aontais chun dul i ngleic leis an riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí soláthair.](#)

⁸ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

Toirmiscear faoin Treoir maidir le Smachtbhannaí i gcoinne Fostóirí⁹ náisiúnaigh nach den Aontas Eorpach iad a bhfuil cónaí neamhúdaraíthe orthu a fhostú, lena n-áirítear íospartaigh atá thíos le gáinneáil ar dhaoine. Comhlánóidh an togra seo an Treoir sin.

Is ann fós do shaothar éigeantais agus léiríonn sin an gá atá le bearta breise, atá dírithe ar tháirgí freisin, chun cosc a chur ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar an margadh agus a bheith ar fáil ar an margadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirítear i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2020-2024¹⁰ go bhfuil sé mar thosaíocht ag an Aontas agus ag na Ballstáit deireadh le saothar éigeantais a chur chun cinn agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le hiompar gnó freagrach, amhail Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine na Náisiún Aontaithe agus Treoirlínte d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus um Dhícheall Cuí de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)¹¹. Tá an togra seo i gcomhréir le tosaíochtaí an phlean gníomhaíochta sin. Comhlánaíonn sé freisin straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh¹², atá i gcomhréir le hAirteagal 32 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ceanglaíonn sé ar an Aontas cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith saothar leanaí agus lena áirithiú go bhfuil slabhraí soláthair cuideachtaí saor uaidh.

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chur i bhfeidhm cheanglais eile chearta an duine. Comhlánóidh sé freisin timpeallacht rialála an Aontais, nach n-áiríonn faoi láthair toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha nach tíortha den Aontas iad ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana, mar shampla Idirphlé maidir le Cearta an Duine le tríú tíortha, nó, más gás cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc. Áiríteoidh an tArd-Ionadaí ina chuid/cuid feidhmeanna mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin comhsheasmhacht le réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí laistigh den Choimisiún.

2 BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Bunaítear le hAirteagal 114 de CFAE go bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun bearta a ghlacadh maidir le comhfhogasú na bhforálacha a leagtar síos le dlí, le rialachán

⁹ Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24).

¹⁰ https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/eu_action_plan_on_human_rights_and_democracy_2020-2024.pdf

¹¹ Chun teacht ar liosta de dhoiciméid teorach earnála, féach <http://mneguidelines.oecd.org/sectors/>.

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le “straitéis an Aontais um chearta an linbh, COM(2021) 142 críochnaitheach, 24.3.2021.

nó le beart riaracháin sna Ballstáit, arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Is é is aidhm don Rialachán seo bacainní ar shaorghluaiseacht earraí a sheachaint agus deireadh a chur le saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a tharlódh mar thoradh ar éagsúlachtaí i ndlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin náisiúnta maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais.

Tá aird níos mó á tabhairt gur ann don fhadhb a bhaineann le saothar éigeantais chomh maith leis an ngá táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar fáil a sheachaint. Tá sé fógartha ag roinnt parlaimintí agus rialtas Ballstát nach mór reachtaíocht a ghlacadh lena áirithiú nach gcríochnóidh táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais ar a gcuid margaí. I gcomhthéacs an chúlra sin, tá riosca nithiúil ann go nglacfaidh Ballstáit dlíthe náisiúnta a chuirfidh toirmeasc ar earraí arna ndéanamh le saothar éigeantais ar a gcrioch a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh. Is é is dócha go dtiocfadh dibhéirseacht chun cinn sna dlíthe sin. Is é is dócha go ndéanfaí iarrachtaí teacht timpeall ar dhibhéirseacht den sórt sin, iarrachtaí a mbeadh tionchar acu ar ghluaiseacht earraí laistigh den mhargadh inmheánach. Bheadh an baol ann ina dhiaidh sin, mar thoradh ar dhibhéirseacht i ndlíthe Ballstát maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar a margadh náisiúnta nó a chur ar fáil ar a margadh náisiúnta go gcruthódh sin saobhadh sa mhargadh inmheánach chomh maith le bacainní gan údar ar shaorghluaiseacht earraí.

Faoi Airteagal 207 de CFAE ní mór an comhbheartas tráchtála a bheith bunaithe ar phrionsabail aonfhoirmeacha, e.g., maidir le beartas onnmhairiúcháin. Ós rud é go mbeidh tionchair dhíreacha agus láithreacha ag an togra seo ar thrádáil, i bhfoirm toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a onnmhairiú, agus toirmeasc ar chead isteach ar mhargadh an Aontais do tháirgí a bhfuil sé cruthaithe ina leith gur le saothar éigeantais a rinneadh iad, is cóir gurb é Airteagal 207 an bunús dlí a bheadh leis.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tiocfaidh cur i bhfeidhm an togra seo, go háirithe na himscrúduithe agus cinntí chun táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc, laistigh d'inniúlacht údarais náisiúnta na mBallstát. Gníomhóidh údarais chustaim, go príomha bunaithe ar chinntí arna n-eisiúint ag údarais inniúla na mBallstát, ag teorainneacha seachtracha an Aontais chun táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a shainaithint agus a stopadh ó dhul ar mhargadh an Aontais nó é a fhágáil. Ní dócha, áfach, go mbeidh reachtaíocht Ballstáit leis féin sa réimse sin leordhóthanach ná éifeachtach, agus ní féidir cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach le reachtaíocht ar leibhéal Ballstáit amháin. Tá reachtaíocht an Aontais agus comhar maidir le forfheidhmiú riachtanach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Teastaíonn forálacha coiteanna sa réimse seo chun go bhfeidhmeoidh margadh an Aontais. Tá an baol ann go gcruthódh dibhéirseacht i ndlíthe na mBallstát saobhadh sa mhargadh inmheánach agus bacainní gan údar ar shaorghluaiseacht earraí.
- Ní mór don iarracht forfheidhmithe a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Mura mbeidh forfheidhmiú chomh dian céanna gach áit san Aontas, cruthófar limistéir laga, a bhféadfadh baol a bheith i gceist leo do leas an phobail agus coinníollacha éagóracha trádála a chruthú.
- Is minic a bhíonn éifeachtaí trasteorann i gceist le baoil a bhaineann le saothar éigeantais i slabhraí luacha cuideachtaí, a shroicheann roinnt Ballstáit san Aontas

agus/nó tíortha nach den Aontas iad. Tugann sin chun suntais an gá atá le cur chuige uile-Aontais, a mbeidh cinnteacht dlí ag baint leis agus a thabharfaidh cothrom na féinne do chuideachtaí atá ag feidhmiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus lasmuigh de.

Dá bhrí sin tá an togra seo **riachtanach** chun **forfheidhmiú láidir agus aonfhoirmeach** a áirithiú sa réimse seo, chun saobhadh i bhfeidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosc, chun leasanna an phobail arna gcosaint sa chomhthéacs seo a chaomhnú agus chun cothrom na féinne a áirithiú do ghnóthais arna mbunú laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

- **Comhréireacht**

Ós rud é go ndírítear leis an togra seo ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais d'aon chineál nó d'aon bhunáitíocht, bheadh gach oibreoir eacnamaíoch a chuireann na táirgí sin ar mhargadh an Aontais nó a chuireann na táirgí sin ar fáil ar mhargadh an Aontais ag teacht faoi raon feidhme an togra. Mar sin féin, d'fhonn an togra a fhorfheidhmiú go héifeachtach ceanglófar ar údaráis inniúla a gcuid iarrachtaí a dhíriú san áit is mó a bhfuil riosca go bhfuil saothar éigeantais ag tarlú agus san áit is mó a mbeidh tionchar acu. Ciallaíonn sé sin gur dócha gur ar oibreoirí eacnamaíocha níos mó a bheidh an bhéim ag céimeanna luath shlabhra luacha an Aontais (e.g., allmhaireoirí, monaróirí, táirgeoirí nó soláthraithe táirgí).

Leagtar síos leis an togra sraith chomhchoiteann cumhachtaí do gach údarás inniúil sna Ballstáit a chuideoidh, ba cheart, le forfheidhmiú a threisiú. Ar na Ballstáit a bheidh an fhreagracht maidir cumhachtaí forfheidhmithe. Is féidir go mbeadh ar chuid de na Ballstáit a ndlíthe nós imeachta náisiúnta a chur in oiriúint lena áirithiú go mbeidh a n-údaráis forfheidhmithe in ann a gcuid cumhachtaí a úsáid go héifeachtach i gcomhthéacs trasteorann, chun dul i gcomhar agus chun aghaidh a thabhairt ar táirgí atá neamhchomhlíontach laistigh den Aontas. Tá an leibhéal comhchuibhithe a roghnaíodh riachtanach lena áirithiú go mbeifear in ann comhar agus malartú fianaise a dhéanamh go réidh idir údaráis inniúla.

Tiocfaidh feabhas ar chomhar forfheidhmithe agus ar chomhsheasmhacht mar thoradh ar an togra trí líonra údáras ábhartha a bhunú, gan ró-ualach nó ualach díréireach a leagan ar údaráis na mBallstát. Dá bhrí sin, ní théann an togra thar an méid atá riachtanach lena chuspóirí a bhaint amach.

- **An Rogha Ionstraime**

Tá gá le rialachán chun na cuspóirí a bhaineann le comhlántacht agus forfheidhmiú éifeachtach a bhaint amach. Ní bhainfí na cuspóirí amach le treoir ó tharla go bhféadfadh neamhréireachtaí dlínse a bheith ann i ndiaidh an treoir a thrasuí, rud a chuirfeadh an forfheidhmiú comhchuibhithe i mbaol.

Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte chun tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát agus do chuideachtaí, lena gcuirfear faisnéis ghinearálta agus chúlra ar fáil chomh maith le comhairle maidir le conas an togra a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.

3 TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Áiríodh leis an gcomhairliúchán foilsíú an ghlaio ar fhianaise, an comhairliúchán spriocdhírthe agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile chomh maith le haiseolas ad-hoc. Ba é is aidhm don straitéis chomhairliúcháin ionchur a fháil ó pháirtithe leasmhara ábhartha ó thíortha san Aontas agus ó thíortha nach den Aontas iad. Áiríodh ar na príomhpháirtithe leasmhara a rachadh i gcomhairle leo:

- cuideachtaí (lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide ⁴¹ (FBManna) agus a n-eagraíochtaí ionadaíochta agus oibreoirí eile sna slabhraí soláthair ar féidir go bhfuil tionchar ag saothar éigeantais orthu.
- eagraíochtaí ceadchumann;
- Ballstáit den Aontas agus tíortha nach tíortha den Aontas iad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta (go háirithe EIS agus ECFE);
- eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta/eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)

Bhí comhairliúchán spriocdhírthe ar siúl ón 19 Bealtaine 2022 go dtí an 23 Meitheamh 2022. Tharraing an comhairliúchán ar ionchur ó údarais ábhartha Ballstát agus ó pháirtithe leasmhara trí chruinnithe na n-ardán agus líonraí atá ann cheana. Rinneadh an tionscnamh a bhí á bheartú a chur i láthair ag 14 chruinniú den sórt sin lena n-áirítear an Líonra Eorpach um Chomhlíontacht Táirgí, Idirphlé na Sochaí Sibhialta, An Ard-Stiúrthóireacht Trádála, Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, agus malartú tuairimí le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta Eorpacha. Bhí ionadaithe Bhallstát agus breis is 450 páirtí leasmhar eile rannpháirteach sa chomhairliúchán spriocdhírthe.

Tríd is tríd, d'aontaigh páirtithe leasmhara gur saincheist chasta an saothar éigeantais agus nach mór dul i ngleic leis agus deireadh a chur leis. Thug roinnt le fios, áfach, gur cheart sin a dhéanamh trí dhlíthe coiriúla náisiúnta na mBallstát. Thug ionadaithe Bhallstát agus páirtithe leasmhara eile araon ar aird nach mór don ionstraim AE atá á bheartú a bheith ag luí leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta, amhail sainmhíniú EIS ar shaothar éigeantais. Bhí amhras ar na páirtithe leasmhara ar fad faoi nach raibh measúnú tionchair ar leith ann.

Leag formhór na bpáirtithe leasmhara béim freisin gur cheart an ionstraim nua a bheith ag luí leis an rún le haghaidh treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus go mbeadh sí idirnasctha leis, ach nár cheart gur macasamhail de a bheadh ann go háirithe ó thaobh cur chun feidhme agus forfheidhmiú an dá ionstraim.

Dúirt go leor páirtithe leasmhara gur cheart béim mhór a leagan ar chomhréireacht, agus chuir in iúl gur cheart aon ualach breise ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, a sheachaint. D'iarr páirtithe leasmhara treoir freisin, go háirithe maidir le cuidiú leo i dtaobh aithint riosca. Tharraing roinnt páirtithe leasmhara anuas an tsaincheist a bhaineann le difríochtaí i gcur chun feidhme na hionstraime nua i mBallstáit éagsúla a sheachaint.

Rinneadh an glao ar fhianaise don togra a fhoilsiú¹³ ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ('Nocht do thuairim' mar a thugtar freisin air) chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara tuairim a thabhairt ar an ngá atá le beart agus leis an tionscnamh a bhí á bheartú, chomh maith le hionchur a thabhairt maidir le haon saincheist eile a bheadh le meas nuair a bheadh an réimse beartais seo á forbairt. Bhí an spriocphobal comhdhéanta de shaineolaithe agus ionadaithe páirtithe leasmhara, amhail comhlachais ghnó, allmhaireoirí agus monaróirí, tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann, gnóthais mhiondíola agus ionadaithe náisiúnta, lena n-áirítear údaráis náisiúnta atá i gceannas ar na rialacha ábhartha a fhorfheidhmiú.

Bhí an glao ar fhianaise oscailte do thuairimí agus d'aiseolas ón bpobal ón 23 Bealtaine 2022 go dtí an 20 Meitheamh 2022. Fuarthas 107 freagra, 76 díobh a raibh eolas breise nó páipéar seasaimh ag gabháil leo.

Ba chomhlachais ghnó (33%), ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha (31%) agus cuideachtaí/eagraíochtaí gnó (15%) formhór na bhfreagróirí, agus ina dhiaidh sin bhí ceardchumann, saoránaigh, údaráis phoiblí, agus institiúidí acadúla/taighde.

Chuir páirtithe leasmhara as 22 thír ar chúig ilchríoch aiseolas ar fáil. Ba ó pháirtithe leasmhara sa Bheilg (33 – áirítear anseo freisin iadsan a chuir aiseolas ar fáil trína n-ionadaíocht sa Bheilg), sa Ghearmáin (19) agus is SAM (12) is mó a tháinig freagraí.

Maidir le raon feidhme na hionstraime, ba é an phríomhchname spairne cibé ar cheart é a theorannú do gach aon coinsíneacht shonrach arna fhéachaint go leithleach, nó cibé ar cheart mionscrúdú breise ar tháirgí, ar thionscail, ar láithreáin táirgthe, ar réigiúin agus ar thíortha a cheadú faoi.

D'aontaigh páirtithe leasmhara den chuid is mó sainmhíniú EIS ar shaothar éigeantais arna bhunú faoin gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) a úsáid chomh maith leis na 11 tháscaire EIS i leith saothar éigeantais¹⁴. Thagair páirtithe leasmhara go minic freisin do Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, agus do Threoirlínte ECFE i dtaca le Dícheall Cuí maidir hIompar Gnó Freagrach, chomh maith le Prionsabail Threorach na Náisiún Aontaithe (NA) maidir le Gnó agus Cearta an Duine. Thug siad ar aird go minic go raibh siad ag cloí cheana leis na treoirlínte sin agus d'iarr go mbeadh an togra ag luí leo.

Bhí easaontas ann faoi bhfianaise a theastódh ó údaráis chun coinsíneacht a choinneáil ag an bpointe iontrála. Thug páirtithe leasmhara ón tsochaí shibhialta le fios gur mhaith leo toimhde infhrisnéise i ndáil le táirgí, tionscail, láithreáin táirgthe, réigiúin agus tíortha sonracha lena mbaineann minicíocht shuntasach de shaothar éigeantais. Ba chóir cead a bheith ag údaráis náisiúnta freisin imscrúduithe a thionscnamh má tá amhras réasúnach orthu go raibh eilimintí de shaothar éigeantais i slabhra luacha na dtáirgí. Chomh maith leis sin, ba chóir sásra gearáin a chur ar bun chun deis a thabhairt don tsochaí shibhialta agus do cheardchumann gearáin a chur ar aghaidh lena n-imscrúdú. B'fhearr leis an earnáil phríobháideach féachaint agnóiseach tír agus táirge, lena ndéanfaí imscrúduithe a thionscnamh bunaithe ar amhras réasúnach. Bhí éagsúlacht freisin in aighneachtaí i dtaobh an ualaigh fianaise, eadhon cibé an faoin allmhaireoir atá sé a chruthú nach bhfuil rian de shaothar éigeantais ina gcuid earraí, nó cibé an é freagracht na n-údarás custaim é a chruthú gur baineadh leas as saothar éigeantais i bpróiseas táirgthe an lastais arna imscrúdú. In aon chás, d'aontaigh formhór na bpáirtithe

¹³ Toirmeasc a chur ar tháirgí a tháirgtear, a eastósctar nó a bhuaitear le saothar éigeantais (europa.eu)

¹⁴ https://www.ilo.org/global/topics/forced-labour/publications/WCMS_203832/lang--en/index.htm

leasmhara gur cheart próisis nithiúla agus caighdeáin imscrúdúcháin a bheith i bhfeidhm chun intuarthacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú.

Maidir le forfheidhmiú, d'aontaigh formhór páirtithe leasmhara gur cheart na caighdeáin chéanna a bheith i bhfeidhm i ndáil le gach Ballstát, agus gur cheart an baol go dtarlódh ilroinnt a sheachaint. Dá bhrí sin, is den riachtanas é treoirlínte soiléire a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe chomh maith leis na hacmhainní atá riachtanach chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an rialachán atá beartaithe agus é a fhorfheidhmiú (lena n-áirítear d'oiliúint agus lena áirithiú go mbeidh dóthain foirne ar láimh ag údaráis náisiúnta) agus go n-imreodh an tAontas ról comhordaithe.

Is minic a luaigh freagróirí ón earnáil phríobháideach comhsheasmhacht le rialacháin náisiúnta agus rialacháin an Aontais atá ann cheana, le súil dúbláil in iarrachtaí cuideachtaí agus breis maorlathais a sheachaint. B'fhearr le haighneachtaí eile go ndéanfadh an tionscnamh seo bearnaí i rialacháin eile a chomhlánú, mar shampla díolúine FBManna ón treoir atá beartaithe i dtaca le dícheall cuí maidir le inbhuanaitheacht chorparáideach.

Bhí tuairimí éagsúla ann freisin maidir le saincheist FBManna. Chuir ionadaithe na sochaí shibhialta béim nár cheart do FBManna tairbhe a bhaint as eisiaimh nó forálacha speisialta, mar a rinne siad i gcás na teorach beartaithe i dtaca le dícheall cuí maidir le forbairt inbhuanaithe. Ó tharla gur FBManna formhór na gcuideachtaí san Aontas, is den mhórhábacht é go mbeadh siad san áireamh go hiomlán san ionstraim nua chun tionchar fóinteach a imirt. Ar an taobh eile, mhol roinnt mhaith ionadaithe ar chomhlachais ghnó nó ar chuideachtaí/eagraíochtaí gnó go bhfaigheadh FBManna cóir speisialta, trí threoirlínte mionsonraithe, forálacha sonracha nó fiú eisiaimh ón ionstraim a sholáthar dóibh. Ba é an phríomhargóint ina leith seo ná gur lú acmhainní atá ag cuideachtaí níos lú chun tabhairt faoi dhícheall cuí domhain agus gur lú cumhacht atá acu sa mhargadh chun brú a chur ar sholáthraithe breis díchill a dhéanamh nó rochtain a thabhairt dóibh ar láithreáin táirgthe agus ar fhostaithe.

Níor mhór a chinntiú leis an togra nach amháin go gcuirfear cosc ar mhargadh aonair an Aontais ar tháirgí a bhfaightear amach gur le saothar éigeantais a táirgeadh iad ach freisin nach féidir iad a athróid chuig tíortha nach bhfuil toirmeasc i bhfeidhm iontu, nó nach bhfuil an acmhainn acu tabhairt faoi imscrúdú agus/nó fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin is den rithábacht é comhar a mhéadú le húdaráis i dtíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad lena áirithiú nach gcríochnóidh táirgí atá toirmisce the dul isteach ar mhargaí siadsan ar mhargadh aonair an Aontais agus vice versa.

Leagadh béim freisin san aiseolas a fuarthas ar an mbreisluach a bhainfeadh le bunachar sonraí. Mhol páirtithe leasmhara go bhféadfadh údaráis phoiblí clár d'eintitis agus de tháirgí coiscithe agus ar cuireadh pionós orthu a sholáthar. Chuideodh sé sin le cuideachtaí, go háirithe FBManna, mar go bhféadfadh siad soláthraithe a bhfuil fadhbanna leo a sheachaint. D'iarr roinnt páirtithe leasmhara freisin go nochtadh údaráis chustaim a gcuid sonraí ar chúiseanna trédhearcachta. D'éiligh ionadaithe ar an tsochaí shibhialta gur cheart go mbeadh ar allmhaireoirí a gcuid soláthraithe ar fad a mhapáil agus mionsonraí a sholáthar ina leith.

Chuir go leor páirtithe leasmhara i láthair tionscnaimh sonracha cuideachta nó earnála atá curtha i bhfeidhm ach chun aghaidh a thabhairt ar shaothar éigeantais ina slabhraí luacha féin, agus na torthaí atá bainte amach acu.

- **Measúnú tionchair**

Tá an tsaincheist a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi – saothar éigeantais – ag dul glan i gcoinne meas ar dhínit an duine agus uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine arna leagan síos in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chomh maith le hAirteagal 5(2) den de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

I gcomhthéacs an chúlra sin, ní mór beart práinne a ghlacadh i gcoinne saothar éigeantais, rud nach gceadaíonn measúnú tionchair. Baineadh leas, áfach, as an bhfianaise a bailíodh i measúnachtaí tionchair tionscnamh eile, amhail an togra le haghaidh treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, nuair a bhí an togra seo á dhréachtú. Ar an gcúis sin agus ó tharla chomh tábhachtach is atá an tionscnamh agus an phráinn a bhaineann leis, ceadaíodh maolú faoi Threoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. Cuirfear an anailís agus an fhianaise tacaíochta fós i láthair i gcáipéis oibre foirne laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an togra seo.

Ó thaobh costais, is costais forfheidhmithe ar údaráis phoiblí agus costais maidir le comhlíonadh ar oibreoirí eacnamaíocha is mó a bheidh i gceist. Tabhóidh an Coimisiún costais theoranta.

Is ionann na costais maidir le comhlíonadh agus costais a chaithfidh cuideachtaí a sheasamh lena áirithiú nach gcuirfidh siad táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais ná ar fáil ar an mhargadh an Aontais. Beidh costais na gcuideachtaí ag brath ar cibé an bhfuil said clúdaithe cheana féin ag forálacha díchill chuí nó nach bhfuil (an treoir atá beartaithe i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach mar shampla) nó cibé an bhfuil siad ag tabhairt faoi dhícheall cuí cheana féin ar bhonn deonach.

Maidir leis na costais a bheidh le seasamh ag Ballstáit a chuirfidh an togra i bhfeidhm, beidh sin ag brath ar an struchtúr riaracháin atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta (i.e. an bhfuil údaráis atá i bhfeidhm cheana ag tabhairt faoi chúraimí den sórt céanna nó nach bhfuil), ar reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm cheana féin maidir le saincheisteanna atá bainteach agus an féidir córais chustaim a nuashonrú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ba cheart gach oibreoir eacnamaíoch atá ag déanamh táirgí atá ar fáil ar mhargadh an Aontais nó atá ag onnmhairiú a bheith teacht faoi. Tá sé seo riachtanach chun toirmeasc a chur ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais.

D'fhéadfadh nach bhfuil ach acmhainní agus saineolas teoranta ag FBManna chun córais éifeachtacha díchill chuí a chur chun feidhme. Is féidir go mbeadh ualaí níos mó ar FBManna freisin i gcomparáid le cuideachta mór i gcás earraí a aistarraingt ón margadh.

Leis sin, beidh gá roinnt coigeartuithe a dhéanamh i gcás FBManna. Bealach amháin a bhféadfaí freastal ar na riachtanais agus na srianta ar leith a bhaineann le FBManna ná go bhféadfaí go teoiriciúil cuideachtaí den sórt sin a **dhíolmhú** ó raon feidhme an togra seo. Ní rogha inmharthana é sin, áfach, ó tharla go gcaithfear díriú leis an togra ar tháirgí a bhfuiltear in amhras fúthu gur le saothar éigeantais a rinneadh iad, beag beann ar mhéid na n-oibreoirí eacnamaíocha atá i gceist. Ní féidir a chur as an áireamh roimh ré nach FBManna na heintitis a ndéanfaidh údaráis teagmháil leo i roinnt cásanna nuair a sheolfaidh siad imscrúduithe maidir le saothar éigeantais. Dá bhrí sin dhéanfaidh díolúine do FBManna dochar

d'éifeachtacht an togra agus chruthódh éiginnteacht. Ina theannta sin, is den tábhacht a mheas ós rud é gur cuid de shlabhraí luacha iad FBManna de ghnáth, go mbíonn tionchar freisin ag beartais a thugann aghaidh ar fhiontair mhóra laistigh de na slabhraí soláthair sin ar FBManna, a gcaithfidh nósanna imeachta díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu chun rochtain a fháil ar airgeadas, agus chun freastal ar éilimh ó cheannaitheoirí/sholáthraithe níos mó a fheidhmíonn dícheall cuí. Mar a thugtar le fios i moltaí an Choimisiúin i *Tuarascáil Bhliantúil maidir le FBManna san Eoraip 2021/2022*⁴², b'fhéidir go mbeadh sé níos iomchuí dá mbreithneofaí uirlisí deonacha simplithe agus bearta maolaithe sa reachtaíocht a cheadódh do FBManna a gcuid tiomantas inbhuanaithe a léiriú.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfiúntas a bhainfeadh le **tairseach** a thabhairt isteach maidir le toirt agus/nó luach táirgí, ar faoina bun nach seolfadh údaráis imscrúduithe saothair éigeantais faoi togra seo. Toisc gur dócha go gcuirfeadh FBManna méideanna níos lú ar fáil ar an margadh, d'fhéadfadh clásal *de minimis* den sórt sin a bheith ina bhealach chun a gcás a chur san áireamh i bprionsabal agus chun iad a dhíolmhú go mór ó imscrúduithe. Mar sin féin, chuirfeadh tairseacha *de minimis* cothrom na féinne sa mhargadh inmheánach as riocht, rud a chruthódh bealaí éalaithe. Ní chinnteodh sé ach oiread go dtitfeadh FBManna lasmuigh de raon feidhme an togra seo i gcónaí, ó tharla go bhféadfadh oibreoirí eacnamaíocha níos lú líon mór táirgí a chur ar fáil ar an margadh, ag brath ar an earnáil.

Dá bhrí sin, seachas díolúine shoiléir do FBManna, nó tairseach *de minimis*, ba cheart aghaidh a thabhairt ar a gcás trí leagan amach an bhirt, lena n-áirítear an forfheidhmiú riosca-bhunaithe agus na huirlisí tacaíochta. Áireofar air sin, mar shampla:

Leagan amach an bhirt: Nuair a bheidh teorainneacha ama á gcinneadh maidir le faisnéis a chur isteach, breithneoidh na húdaráis inniúla méid agus acmhainní na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, agus iad ar an tuiscint nach mbeadh an oiread acmhainní ag cuideachtaí níos lú agus a bheadh ag cuideachtaí níos mó chun slabhraí luacha a fhorbheathnú agus a mhapáil.

Forfheidhmiú riosca-bhunaithe: Ba cheart d'údaráis inniúla a n-iarrachtaí forfheidhmithe a dhíriú san áit is mó ar dóigh a mbeidh éifeacht acu, eadhon, ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le céimeanna an tsabhra luacha chomh gar agus is féidir don áit ar dócha go dtarlódh riosca saothair éigeantais. Ba cheart dóibh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta a chur san áireamh freisin.

Uirlisí tacaíochta: Ó tharla go léirítear ó thaithí go mbaineann FBManna leas as uirlisí tacaíochta amhail treoirilínte nó teimpléid a éilíonn costais níos ísle, eiseoidh an Coimisiún treoir, ina gcuirfeadh san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha.

4 IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leagtar amach na himpleachtaí a bhaineann leis na hacmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo.

5 EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán gníomhach ar chur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe agus áiritheoidh sé go mbainfidh an rialachán atá beartaithe a chuspóirí amach.

Díreofar faireachán go háirithe ar chosc a chur go héifeachtach ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú ón Aontas, agus ar chomhar éifeachtach idir údaráis inniúla a áirithiú. Cuirfear san áireamh freisin ann an tionchar ar ghnó agus FB Manna go háirithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá na forálacha ginearálta seo a leanas i gCaibidil I: an t-ábhar (Airteagal 1), na sainmhínithe (Airteagal 2) agus an toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais, eadhon iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú (Airteagal 3).

Sonraítear i gCaibidil II imscrúduithe agus cinntí na n-údarás inniúil. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na hoibleagáidí, a eascraíonn as an togra seo, a chur i gcrích (Airteagal 12). Ag réamhchéim na n-imscrúduithe, ceanglófar ar na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe a leanúint, agus, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le sárú ar an toirmeasc thuasluaite (Airteagal 4). Má chinneann an t-údarás inniúil go bhfuil cúis inní ann maidir le sárú den sórt sin, ceanglófar air na táirgí agus na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a imscrúdú (Airteagal 5). Sonraítear sa chaibidil freisin cinntí na n-údarás inniúil (Airteagal 6), a n-ábhar (Airteagal 7), athbhreithniú (Airteagal 8) agus aitheantas (Airteagal 14). Beidh oibleagáidí ar na húdaráis inniúla an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile a chur ar an eolas (Airteagal 9) chomh maith le hoibleagáidí maidir le comhar riaracháin agus cumarsáid chómhalartach (Airteagal 13). Tá forálacha sa chaibidil freisin maidir le faisnéis a chur isteach faoi sháruithe líomhnaithe (Airteagal 10) agus an bunachar sonraí de na réimsí nó táirgí lena mbaineann rioscaí saothair éigeantais (Airteagal 11).

Baineann Caibidil III le forálacha maidir le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais. Tá gá le forálacha sonracha maidir le rialuithe custaim, ó tharla nach bhfuil Rialachán (AE) 2019/1020 oiriúnach don fheidhm sa chás seo, agus ní féidir le húdaráis chustaim gníomhú mar chéad líne chosanta mar a dhéanann siad de ghnáth faoi Rialachán (AE) 2019/1020. Dá bhrí sin, beidh siad ag brath ar chinntí na n-údarás inniúil. Ina theannta sin, ní mór faisnéis shonrach a bheith ar fáil d'údaráis chustaim maidir leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá páirteach sa phróiseas monaraíochta, chomh maith leis an táirge féin, ionas go mbeidh siad in ann stop a chur ar bhealach éifeachtach le táirgí arna ndéanamh le saothair éigeantais dul isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágáil, de réir chinntí na n-údarás inniúil.

Dá bhrí sin, áirítear i gCaibidil III forálacha maidir le rialuithe custaim (Airteagal 15), faisnéis atá le cur ar fáil d'údaráis chustaim ag an oibreoir eacnamaíoch (Airteagal 16), bac ar tháirgí a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar an toirmeasc a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú (Airteagal 17), a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú i gcás nach bhfuil aon sárú i gceist (Airteagal 18), diúltú a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú (Airteagal 19) agus diúscairt na dtáirgí a diúltaíodh a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú (Airteagal 20), chomh maith le forálacha maidir le malartú faisnéise agus comhar idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim (Airteagal 21).

I gCaibidil IV tá forálacha maidir le córais faisnéise (Airteagal 22), maidir leis na treoirlínte a chaithfidh an Coimisiún a eisiúint chun cabhrú le húdaráis inniúla an rialachán seo atá beartaithe a chur chun feidhme agus le hoibreoirí eacnamaíocha é a chomhlíonadh, chomh maith le forálacha lena n-áirítear soiléireacht cúraimí agus comhleanúnachas birt i measc údaráis inniúla (Airteagal 23) agus maidir le bunú, comhdhéanamh agus cúraimí Líonra an

Aontais um Tháirgí Saothair Éigeantais a fheidhmeoidh mar ardán do chomhordú struchtúrtha agus do chomhar idir údaráis inniúla agus an Coimisiún (Airteagal 24).

Leagtar amach na forálacha críochnaitheacha i gCaibidil V: Maidir le rúndacht (Airteagal 25), comhar idirnáisiúnta (Airteagal 26), gníomhartha tarmligthe (Airteagal 27), nós imeachta práinne (Airteagal 28) , nós imeachta coiste (Airteagal 29), pionóis (Airteagal 30) agus teacht i bhfeidhm agus dáta chur i bhfeidhm an rialacháin seo atá beartaithe (Airteagal 31).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Mar a aithnítear sa Bhrollach a ghabhann le Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 maidir le saothar éigeantais ('Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 ') den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ('EIS'), is sárú tromchúiseach ar dhínit an duine agus ar chearta bunúsacha an duine é saothar éigeantais. Dhearbhaigh EIS go gcuirfí deireadh le gach cineál saothair éigeantais nó saothair éigeantaigh mar phrionsabal a bhaineann le cearta bunúsacha. Aicmíonn EIS Coinbhinsiún Uimh. 29 de chuid EIS, Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 agus Coinbhinsiún Uimh. 105 de chuid EIS maidir le deireadh a chur le saothar éigeantais ('Coinbhinsiún Uimh. 105 de chuid EIS') mar Choinbhinsiúin bhunúsacha de chuid EIS¹⁶. Clúdaíonn saothar éigeantais raon leathan cleachtas comhéigineach saothair ina mbaintear obair nó seirbhís as daoine nár thairg sin dhéanamh go deonach iad féin¹⁷.
- (2) Baintear úsáid as saothar éigeantais go forleathan ar fud an domhain. Meastar go raibh tuairim is 27.6 milliún duine i saothar éigeantais in 2021¹⁸. Tá grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa tsochaí thar a bheith so-ghabhálach brú a chur orthu tabhairt faoi shaothar éigeantais. Fiú nuair nach mbíonn sé forchurtha ag an stát, is minic saothar éigeantais a bheith mar thoradh ar easpa dea-rialachais oibreoirí eacnamaíocha áirithe.

¹⁵ IO C , , lch. .

¹⁶ <https://www.ilo.org/global/standards/introduction-to-international-labour-standards/conventions-and-recommendations/lang--en/index.htm>.

¹⁷ Sainmhíniú EIS ar shaothar éigeantais de réir Choinbhinsiún EIS um Shaothar Éigeantais, 1920 (Uimh. 29), [Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann \(Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine\) \(ilo.org\)](#).

¹⁸ Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipecc/documents/publication/wcms_854733.pdf.

- (3) Is tosaíocht ag an Aontas deireadh a chur le saothar éigeantais. Déantar meas ar dhínit an duine agus ar uilechoitinne agus ar dhodhealaitheacht chearta an duine a leagan síos go daingean in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach Foráiltear le hAirteagal 5(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nach gceanglófar ar aon duine saothar éigeantais nó éigeantach a dhéanamh. An léirmhíniú atá déanta ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine arís agus arís eile ar Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ná go gceanglaítear ar Bhallstáit pionós a ghearradh agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar aon ghníomh a choinníonn duine sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine¹⁹.
- (4) Tá Coinbhinsiún bhunúsacha EIS maidir le saothar éigeantais agus saothar leanaí daingnithe ag na Ballstáit uile²⁰. Dá bhrí sin tá oibleagáid orthu de réir an dlí úsáid saothair éigeantais a chosc agus deireadh a chur leis agus tuairisciú go rialta chuig EIS.
- (5) Féachann an tAontas deireadh a chur le húsáid saothair éigeantais trína chuid beartas agus tionscnaimh reachtacha. Cuireann an tAontas dícheall cuí chun cinn i gcomhréir le treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear EIS, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ("ECFE" anseo feasta) agus na Náisiúin Aontaithe ("NA" anseo feasta), lena áirithiú nach bhfaighidh saothair éigeantais áit i slabhraí luacha na ngnóthas atá bunaithe san Aontas.
- (6) Tacaíonn beartas trádála an Aontais leis an gcomhrac i gcoinne saothar éigeantais i gcaidreamh trádála aontaobhach agus déthaobhach araon. Sna caibidlí ar thrádáil agus ar fhorbairt inbhuanaithe de chomhaontuithe trádála an Aontais, gealltar go ndéanfar Coinbhinsiún bhunúsacha EIS, lena n-áirítear Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 105, a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí fabhair thrádála aontaobhacha faoi Scéim Ghinearálta um Fhabhair an Aontais a tharraingt siar i gcás sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar Choinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus ar Choinbhinsiún EIS Uimh. 105.
- (7) Leis an Treoir Frithgháinneála (Treoir 2011/36/AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ (an Treoir Frithgháinneála) déantar comhchuibhiú ar an sainmhíniú atá ar gháinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear saothair nó seirbhísí éigeantais, agus bunaítear íosphionóis.. Ba chóir aon rialacha a leagtar síos maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí intíre nó táirgí allmhairithe arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais agus a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, nó táirgí den sórt sin a onnmhairiú, agus an oibleagáid lena áirithiú go dtarraingítear na táirgí sin siar ó mhargadh an Aontais ('an toirmeasc'), a bheith gan dochar don Treoir sin, agus go háirithe d'inniúlacht údaráis forghníomhaithe an dlí agus na n-údarás breithiúnach chun imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chionta maidir le gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear dúshaothrú saothair.

¹⁹ Mar shampla paras. 89 agus 102 i *Siliadin v. France* nó para. 105 i *Chowdury and Others v. Greece*.

²⁰ https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/publication/wcms_195135.pdf.

²¹ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

- (8) [Go háirithe, leagtar amach i dTreoir 20XX/XX/AE i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach oibleagáidí cothrománacha maidir le dícheall cuí chun tionchair dhiúltacha iarbhír agus ionchasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éigeantais, agus ar an timpeallacht a shainaithint, a chosc, a mhaolú in oibríochtaí na cuideachta, a fochuideachtaí agus ina slabhraí luacha agus cuntas a thabhairt orthu, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus saothair agus coinbhinsiúin chomhshaoil. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir le cuideachtaí móra os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan, agus maidir le cuideachtaí níos lú in earnálacha ardtionchair atá os cionn tairseach áirithe i dtéarmaí líon na bhfostaithe agus láimhdeachas glan²².]
- (9) Ina theannta sin, ceanglaítear le Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ ar allmhairí mianraí ón Aontas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin oibleagáidí díchill chuí a chur i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le Slabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus Limistéir Ard-Riosca, agus leis na moltaí i dtaca le dícheall cuí atá leagtha amach iontu. [Faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/20XX maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola tá oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha dícheall cuí a dhéanamh ina slabhraí soláthair, lena n-áirítear maidir le cearta saothair²⁴.] [Ceanglaítear le Rialachán (AE) XX/20XX maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dhífhoraíocht agus le díghrádú foraoise²⁵ a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, gur gá dícheall cuí a dhéanamh maidir le nádúr dlíthiúil agus saor ó dhífhoraíocht táirgí agus tráchtearraí laistigh dá raon feidhme, lena n-áirítear maidir le cearta an duine.]
- (10) Ceanglaítear le hAirteagail [XX] de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na Ballstáit a áirithiú go bhfoilseoidh oibreoirí eacnamaíocha áirithe ráitis neamhairgeadais gach bliain ina dtuairiscíonn siad ar thionchar a ngníomhaíochta ar nithe comhshaoil, sóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, lena n-áirítear maidir le saothar éigeantais, cúrsaí frith-éillithe agus breabaireachta²⁶. [Ina theannta sin, cuireann Treoir 20XX/XX/AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Chorporáideach ceanglais mhionsonraithe tuairiscithe ar aghaidh le haghaidh cuideachtaí cumhdaithe maidir le meas ar chearta an duine, lena n-áirítear i slabhraí soláthair domhanda. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis a nochtann gnóthais

²² Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX.

²³ Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhairí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lch. 1.)

²⁴ RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 20XX/XX, IO, XX.XX.20XX, XX

²⁵ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dhífhoraíocht agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. XXX/20XX, IO, XX.XX.20XX, XX

²⁶ Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe, IO

faoi chearta an duine, nuair is ábhartha, faisnéis faoi shaothar éigeantais ina slabhraí luacha²⁷.]

- (11) I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí treoir chun cuidiú le gnóthais san Aontas bearta iomchuí a ghlacadh chun dul i ngleic le riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibriochtaí agus ina slabhraí soláthair²⁸.
- (12) Mar a aithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain²⁹, ainneoin na mbeartas reatha agus an chreata reachtaigh, tá gá le tuilleadh gnímh chun na cuspóirí atá ann i dtaobh deireadh a chur le táirgí saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais a bhaint amach agus, dá bhrí sin, rannchuidiú tuilleadh leis an gcomhrac in aghaidh saothar éigeantais ar fud an domhain.
- (13) Cháin Parlaimint na hEorpa saothar éigeantais go láidir ina rúin agus d'iarr sí go gcuirfí toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais³⁰. Dá bhrí sin, is ábhar inní morálta don phobal, go bhféadfadh táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a bheith ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú go tríú tíortha gan sásra éifeachtach a bheith ann chun táirgí den sórt sin a thoirmeasc nó a tharraingt siar.
- (14) Chun creat reachtach agus beartais an Aontais maidir le saothar éigeantais a chomhlánú, ba cheart toirmeasc a chur ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, sin nó toirmeasc a chur ar onnmhairiú táirgí a táirgeadh sa chríoch bhaile nó táirgí allmhairithe arna ndéanamh le saothar éigeantais agus ba chóir a áirithiú go dtarraingítear siar na táirgí sin ó mhargadh an Aontais.
- (15) Faoi láthair níl aon reachtaíocht ann de chuid an Aontais a chumhachtaíonn d'údaráis na mBallstát táirge a choinneáil go díreach, a urghabháil, nó a ordú go ndéanfaí é a tharraingt siar ar an mbonn go bhfuarthas amach go ndearnadh é, go hiomlán nó go páirteach, le saothar éigeantais.
- (16) Chun éifeachtacht an toirmisc a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag toirmeasc den sórt sin maidir le táirgí ar úsáideadh saothar éigeantais ina leith ag aon chéim dá dtáirgeadh, dá monarú, dá mbaint agus dá n-eastóscadh, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis na táirgí. Ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc maidir le gach táirge, de chineál ar bith, lena n-áirítear a gcomhpháirteanna, agus ba cheart go mbeadh feidhm aige maidir le táirgí beag beann ar an earnáil, ar a dtionscnamh, cibé an táirgí intíre nó allmhairithe iad, nó a cuireadh ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairíodh.

²⁷ Treoir 20XX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach IO XX, XX.XX.20XX, lch. XX.

²⁸ Treoir maidir le dícheall cuí do ghnóthais an Aontais chun dul i ngleic leis an riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibriochtaí agus slabhraí soláthair.

²⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe (COM(2022) 66 críochnaitheach).

³⁰ Féach Rúin: [TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚIN maidir le hionstraim trádála nua chun táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc \(europa.eu\)](#), [Téacsanna a glacadh - Saothar éigeantais agus cás na nUigiúrach i Réigiún Féin-Rialaithe Xinjiang Uyghur - Déardaoín, an 17 Nollaig 2020 \(europa.eu\)](#), [Téacsanna a glacadh - Saothar éigeantais i monarcha Linglong agus agóidí comhshaoil sa tSeirbia - Déardaoín, an 16 Nollaig 2021 \(europa.eu\)](#).

- (17) Ba cheart go rannchuideodh an toirmeasc leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur le saothar éigeantais. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar ‘saothar éigeantais’ a ailíniú leis an sainmhíniú atá leagtha síos i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 29. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘saothar éigeantais arna chur chun feidhme ag údaráis stáit’ a ailíniú le Coinbhinsiún EIS Uimh. 105, a chuireann toirmeasc sonrach ar shaothar éigeantais a úsáid mar phionós ar thuairimí polaitiúla a chur in iúl, chun críocha forbartha eacnamaíche, mar mhodh smachta saothair, mar phionós as rannpháirtíocht i stailceanna, nó mar mhodh idirdhealaithe ciníoch, reiligiúnach nó eile³¹.
- (18) D’fhéadfadh acmhainní agus cumas teoranta a bheith ag micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (‘FBManna’) lena áirithiú go bhfuil na táirgí a chuireann siad ar mhargadh an Aontais nó a chuireann siad ar fáil ar mhargadh an Aontais saor ó shaothar éigeantais. Dá bhrí sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte a eisiúint i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, ina nglacfaí san áireamh freisin méid agus acmhainní eacnamaíocha oibreoirí eacnamaíocha. Chomh maith leis sin, ba chóir don Choimisiún treoirlínte a eisiúint i ndáil le táscairí riosca um shaothar éigeantais agus i ndáil le faisnéis atá ar fáil go poiblí d’fhonn cuidiú le FBManna, chomh maith le hoibreoirí eacnamaíocha eile, ceanglais an toirmisc a chomhlíonadh.
- (19) Ba chóir d’údaráis inniúla na mBallstát faireachán a dhéanamh ar an margadh chun sáruihte ar an toirmeasc a shainaithint. Nuair atá na húdaráis inniúla sin á gceapadh acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin agus go bhfuil na hinniúlachtaí agus an t-eolas is gá ag a bhfoireann, go háirithe maidir le cearta an duine, le bainistíocht slabhra luacha agus le próisis díchill chuí. Ba cheart d’údaráis inniúla dul i gcomhar go dlúth le cigireachtaí náisiúnta saothair agus le húdaráis bhreithiúnacha agus forghníomhaithe an dlí, lena n-áirítear iadsan atá freagrach as gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, ar bhealach nach gcuirfeadh imscrúduithe na n-údarás sin i mbaol.
- (20) Chun éifeachtúlacht an toirmisc a mhéadú, ba cheart d’údaráis inniúla am réasúnta a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha chun riosca um shaothar éigeantais a shainaithint, a mhaolú, a chosc agus deireadh a chur leis.
- (21) Nuair atá sáruihte féideartha ar an toirmeasc á sainaithint, ba cheart do na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe a leanúint agus an fhaisnéis go léir atá ar fáil dóibh a mheasúnú. Ba cheart d’údaráis inniúla imscrúdú a thionscnamh i gcás ina socraíonn siad, bunaithe ar a measúnú ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, go bhfuil inní ann a bhfuil bunús léi go ndearnadh an toirmeasc a sháru.
- (22) Sula ndéantar imscrúdú a thionscnamh, ba cheart d’údaráis inniúla faisnéis a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú maidir le bearta a dhéantar chun rioscaí um shaothar éigeantais ina n-oibríochtaí agus ina slabhraí luacha a mhaolú, a chosc nó deireadh a chur leo i ndáil leis na táirgí atá á measúnú. Ba cheart go gcabhródh dícheall cuí den sórt sin maidir le saothar éigeantais leis an oibreoir eacnamaíoch a bheith i mbaol níos lú go mbeadh saothar éigeantais ina chuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Ciallaíonn dícheall cuí iomchuí go bhfuil saincheisteanna saothair éigeantais sa slabhra luacha sainaitheanta agus go dtugtar aghaidh orthu i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Tugann sé sin le fios i gcás go measann an t-údarás inniúil nach bhfuil

³¹ [Cad is saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann \(Saothar éigeantais, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine\) \(ilo.org\)](#) agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 agus Uimh. 105 dá dtagraítear iontu.

aon ábhar inní ann a bhfuil bunús leis faoi shárú an toirmisc, mar shampla mar gheall go bhfuil reachtaíocht, treoirlínte, moltaí nó aon dícheall cuí eile is infheidhme i ndáil le saothar éigeantais, ach gan bheith teoranta dóibh, á gcur i bhfeidhm ar bhealach a mhaolaíonn, a choisceann agus a chuireann deireadh leis an riosca saothair éigeantais, nár cheart aon imscrúdú a thionscnamh.

- (23) Chun comhar a áirithiú i measc na n-údarás inniúil arna n-ainmniú faoin reachtaíocht seo agus faoi reachtaíocht ábhartha eile agus chun comhsheasmhacht a áirithiú ina mbearta agus ina gcinntí, ba cheart d'údarás inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo faisnéis a iarraidh ó údarás ábhartha eile, nuair is gá sin, maidir le cibé an bhfuil oibreoirí eacnamaíocha faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí, nó an dtugann siad faoi, i ndáil le saothar éigeantais agus i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme an Aontais nó na mBallstát lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí agus trédhearcacht maidir le saothar éigeantais.
- (24) Le linn na réamhchéime imscrúdaithe, ba cheart d'údarás inniúla díriú ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra luacha i gcás ina bhfuil riosca níos airde ann maidir le saothar éigeantais i ndáil leis na táirgí atá faoi imscrúdú, agus méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha a ghlacadh san áireamh chomh maith le cainníocht na dtáirgí lena mbaineann agus scála an tsaothair éigeantais amhrasta.
- (25) Ba cheart d'údarás inniúla, agus faisnéis á iarraidh acu le linn an imscrúdaithe, tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir agus i gcomhréir le seoladh éifeachtach an imscrúdaithe, do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra luacha chomh gar agus is féidir don áit ar dócha a dtarlaíonn an riosca um shaothar éigeantais agus a ghlacadh san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta.
- (26) Ba cheart gur ar na húdaráis inniúla a bheadh an t-ualach a shocrú, ar bhonn na faisnéise agus na fianaise uile a bailíodh le linn an imscrúdaithe, lena n-áirítear réamhchéim an imscrúdaithe, ar úsáideadh saothar éigeantais ag aon chéim de tháirgeadh, de mhonarú, de bhuaint nó d'eastóscadh táirge, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann leis an táirge. Chun a gceart ar phróiseas cuí a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chun iad féin a chosaint a chur ar fáil do na húdaráis inniúla le linn an imscrúdaithe.
- (27) Ba chóir d'údarás inniúla a shocraíonn gur sháraigh oibreoirí eacnamaíocha an toirmeasc, toirmeasc a chur gan aon mhoill ar tháirgí den sórt sin a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, agus a cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha a ndearnadh imscrúdú orthu na táirgí ábhartha atá curtha ar fáil cheana ó mhargadh an Aontais a tharraingt siar agus iad a scrios, a dhéanamh do-oibrithe, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistíocht dramhaíola.
- (28) Sa chinneadh sin, ba cheart d'údarás inniúla torthaí an imscrúdaithe, agus an fhaisnéis is bonn leis na torthaí, a lua agus tréimhse ama réasúnta a leagan síos ar laistigh di a cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha an cinneadh a chomhlíonadh, chomh maith le faisnéis lena gceadaítear an táirge lena mbaineann an cinneadh a shainaithint. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun na mionsonraí maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i gcinntí den sórt sin a shonrú.

- (29) Nuair a bheidh tréimhse réasúnta a socrú chun an t-ordú a chomhlíonadh, ba cheart do na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a ghlacadh san áireamh.
- (30) Má theipeann ar na hoibreoirí eacnamaíocha cinneadh na n-údarás inniúil a chomhlíonadh faoi dheireadh na tréimhse ama atá leagtha síos, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear toirmeasc ar na táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, ar a n-onnmhairiú nó go ndéantar iad a tharraingt siar ó mhargadh an Aontais agus go ndéanfar táirgí ar bith den sórt sin a fhanann leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha a scrios, a dhéanamh do-oibrithe, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola agus sin a dhéanamh ar chostas na n-oibreoirí eacnamaíocha.
- (31) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha, i ndiaidh dóibh faisnéis nua a sholáthar a léiriú nach féidir a bhunú go ndearnadh na táirgí ábhartha le hobair éigeantais, athbhreithniú a iarraidh ar na cinntí ó na húdaráis inniúla. Ba cheart d'údarás inniúla a gcinneadh a tharraingt siar i gcás go socraíonn siad ar bhonn na faisnéise nua sin, nach féidir a chinneadh go ndearnadh na táirgí le saothar éigeantais.
- (32) Ba cheart go gceadófaí d'aon duine, cibé an duine nádúrtha nó dlítheanach é, nó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil nuair a mheasann sé go gcuirtear táirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais agus ar fáil ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi thoradh an mheasúnaithe ar a n-aighneacht.
- (33) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint chun cur chun feidhme an toirmisc a éascú ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag údaráis inniúla. Ba cheart go n-áireofaí i dtreoirlínte den sórt sin treoir i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais agus faisnéis chomhlántach do na húdaráis inniúla chun an toirmeasc a chur chun feidhme. Ba cheart go gcuirfeadh an treoir maidir le dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais leis an Treoir maidir le dícheall cuí do ghnóthais an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca um shaothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí soláthair arna foilsiú ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí i mí Iúil 2021. Ba cheart na treoirlínte a bheith i gcomhréir le treoirlínte eile an Choimisiúin ina leith sin agus le treoirlínte ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart na tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe EIS, chomh maith le foinsí faisnéise neamhspleácha agus infhíoraithe eile a mheas chun táscairí riosca a shainiú.
- (34) Ba cheart cinntí na n-údarás inniúil lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc a chur in iúl d'údarás chustaim, agus ba cheart go mbeadh sé d'aidhm acu an táirge lena mbaineann a shainiú i measc na dtáirgí atá dearbhaithe le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla freagrach as forfheidhmiú foriomlán an toirmisc maidir leis an margadh inmheánach chomh maith le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais. Ós rud é gur cuid den phróiseas monaraíochta é saothar éigeantais agus nach bhféigann sé aon rian ar an táirge, agus nach gclúdaíonn Rialachán (AE) 2019/1020 ach táirgí monaraithe agus go bhfuil a raon feidhme teoranta do scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní bheadh na húdaráis chustaim in ann gníomhú go huathrialach faoi Rialachán (AE) 2019/1020 chun an toirmeasc a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart eagrú sonracha na rialuithe ag gach Ballstát a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle³² agus dá fhorálacha ginearálta maidir le cumhachtaí rialaithe agus maoirseachta na n-údarás custaim.

- (35) Is faisnéis ghinearálta amháin faoi na táirgí atá san fhaisnéis a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil d'údaráis chustaim faoi láthair agus tá easpa faisnéise inti faoin monaróir nó faoin táirgeoir nó faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le faisnéis shonrach faoi tháirgí. Chun go mbeidh údaráis chustaim in ann táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar an Rialachán a shainaithint agus ar cheart iad a stopadh dá réir ag teorainneacha seachtracha AE, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás custaim lena gceadófar cinneadh ó na húdaráis inniúla a mheaitseáil leis an táirge lena mbaineann. Ba cheart a chuimsiú leis sin faisnéis faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faoi sholáthraithe an táirge chomh maith le haon fhaisnéis eile faoin táirge féin. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainaithnítear na táirgí ar cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar ina leith agus úsáid á baint as, i measc nithe eile, an bunachar sonraí a bhunaítear faoin Rialachán seo mar aon le faisnéis agus cinntí na n-údarás inniúil a ionchódaítear sa chóras faisnéise agus cumarsáide a leagtar amach in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 ('ICSMS'). Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme riachtanacha a ghlacadh chun mionsonraí na faisnéise a bheidh le cur ar fáil ag oibreoirí eacnamaíocha don lucht custaim a shonrú. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin tuairisc, ainm nó branda an táirge, ceanglais shonracha faoi reachtaíocht an Aontais maidir le sainaithint an táirge (amhail cineál, tagairt, samhail, baic nó sraithuimhir a ghreamaítear den táirge, nó a chuirtear ar fáil ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge, nó in aitheantóir uathúil phas an táirge dhigitigh) chomh maith le sonraí maidir leis an monaróir nó an táirgeoir agus soláthraithe an táirge, lena n-áirítear i ndáil le gach duine díobh a n-ainm, a dtrádainm nó a dtrádmharc cláraithe, a sonraí teagmhála, a n-uimhir aitheantais sa tír ina bhfuil siad bunaithe agus, nuair a bhíonn sí ar fáil, a n-uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI). Breithneofar san athbhreithniú ar Chód Custaim an Aontais an fhaisnéis is gá do na hoibreoirí eacnamaíocha a chur ar fáil do chustaim a thabhairt isteach sa reachtaíocht chustaim chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú agus ar bhonn níos leithne chun trédhearcacht an tslabhra soláthair a threisiú.
- (36) Ba cheart d'údaráis chustaim a shainaithníonn táirge a d'fhéadfadh a bheith ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl ag údaráis inniúla lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc scaoileadh an táirge sin a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla láithreach. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar chonclúid laistigh de thréimhse ama réasúnach maidir leis an gcás a dtugann na húdaráis chustaim fógra ina leith, trína dheimhniú nó a shéanadh go bhfuil an táirge lena mbaineann ag teacht faoi chinneadh. Nuair is gá, ba cheart na húdaráis inniúla a údarú chun fionraíocht ar a scaoileadh a choinneáil. In éagmais chonclúid ó na húdaráis inniúla laistigh den teorainn ama shonraithe, ba cheart do na húdaráis chustaim na táirgí a scaoileadh má chomhlíontar na ceanglais agus na foirmiúlachtaí eile go léir is infheidhme. Go ginearálta, níor cheart a mheas gur ionann scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena onnmhairiú agus cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais, toisc nach gá go n-áirítear rialú iomlán ar chomhlíontacht leis an scaoileadh sin.

³² Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

- (37) I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid go bhfreagraíonn táirge do chinneadh lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc, ba cheart dóibh na húdaráis chustaim a chur ar an eolas láithreach agus dóibhsean diúltú é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Ba cheart an táirge a scrios, a dhéanamh neamh-inoibrithe, nó a dhiúscairt ar shlí eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le bainistiú dramhaíola, lena n-eisiatar ath-onnmhairiú i gcás earraí nach earraí de chuid an Aontais iad.
- (38) Is iad na húdaráis chustaim a cheart na coinníollacha is infheidhme le linn táirgí a bheith fionraí óna scaoileadh i saorchúrsaíocht nó óna n-onnmhairiú a chinneadh, lena n-áirítear a stóráil nó a scriosadh agus a ndiúscairt i gcás go ndiúltaítear iad a scaoileadh i gcúrsaíocht, nuair is infheidhme de bhun Rialachán (AE) 952/2013 ón gComhairle. I gcás gur gá tuilleadh próiseála a dhéanamh ar tháirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais, tá siad le cur faoin nós imeachta custaim iomchuí lena gceadaítear próiseáil den sórt sin i gcomhréir le hAirteagail 220, 254, 256, 257 agus 258 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
- (39) Ní féidir forfheidhmiú aonfhoirmeach a dhéanamh ar an toirmeasc seo a mhéid a bhaineann le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais, ach amháin trí mhalartú faisnéise agus comhar córasach idir na húdaráis inniúla, na húdaráis chustaim agus an Coimisiún.
- (40) Ba cheart do na húdaráis inniúla ICSMS a úsáid chun faisnéis maidir le saincheistanna a bhaineann le forfheidhmiú an toirmisc a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, i bhfoirm struchtúrtha. Ba cheart rochtain a bheith ag an gCoimisiún, ag údaráis inniúla agus ag údaráis chustaim ar an gcóras sin chun tabhairt faoina ndualgais faoi seach faoin Rialachán seo.
- (41) Chun an leas is fearr a bhaint as an bpróiseas rialaithe a bhaineann le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais agus an t-ualach a bhaint de, is gá aistriú uathoibrithe sonraí a cheadú idir ICSMS agus córais chustaim. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir trí chineál aistrithe sonraí éagsúla i bhfianaise a gcuspóirí faoi seach: Ar an gcéad dul síos, ba cheart cinntí lena mbunaítear sárú ar an toirmeasc a chur in iúl ón ICSMS chuig an gCóras Leictreonach Bainistíochta Riosca Custaim (CRMS) dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447³³, ón gCoimisiún, gan dochar d'aon athrú ar an timpeallacht bainistíochta riosca custaim amach anseo, le húsáid ag údaráis chustaim chun táirgí a d'fhéadfadh freagairt do chinneadh den sórt sin a shainaithint. Ba cheart na comhéadain atá ar fáil sa timpeallacht chustaim a úsáid do na chéad aistrithe sonraí sin. Ar an dara dul síos, i gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim táirge den sórt sin, beidh gá le cásbhainistiú, i measc nithe eile, chun an fógra faoin bhfionraí, conclúid na n-údarás inniúil agus toradh na mbeart a rinne lucht custaim a aistriú. Ba cheart go dtacódh Timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim leis na dara haistrithe sonraí sin idir ICSMS agus córais náisiúnta chustaim. Ar an tríú dul síos, tá faisnéis i gcórais chustaim maidir le táirgí a thagann isteach agus a fhágann margadh an Aontais a bheadh ábhartha d'údaráis inniúla chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ach nach bhfuil rochtain acu orthu. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhaisnéis ábhartha a bhaint amach

³³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

agus a tharchur chuig ICSMS. Ba cheart an trí idirnasca a bheith fíor-uathoibrithe agus éasca le húsáid, chun teorainn a chur le haon ualach breise ar údaráis chustaim. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, i gcomhar le húdaráis chustaim agus le húdaráis inniúla, na gníomhartha cur chun feidhme is gá a ghlacadh chun na rialacha níos imeachta, na socruithe praiticiúla agus na heilimintí sonraí a bheidh le haistriú idir ICSMS agus córais chustaim a chinneadh chomh maith le haon cheanglas coimhdeach eile.

- (42) D'fhonn cinntí forfheidhmithe éifeachtacha a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla sna Ballstáit cinntí a dhéanfaidh údarás inniúil i mBallstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú maidir le táirgí a bhfuil an t-aitheantas céanna acu ón slabhra soláthair céanna a bhfuarthas saothar éigeantais ina leith.
- (43) Más gá sonraí pearsanta a phróiseáil, ar mhaithe leis an toirmeasc, ba cheart próiseáil den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá aon phróiseáil ar shonraí pearsanta faoin toirmeasc seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ nó Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵.
- (44) Chun forfheidhmiú éifeachtach an toirmisc a áirithiú, is gá líonra a bhunú a bheidh dírithe ar chomhordú struchtúrtha agus ar chomhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, saineolaithe ó údaráis chustaim, agus ón gCoimisiún. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an líonra sin sruthlíniú a dhéanamh ar chleachtais na n-údarás inniúil laistigh den Aontas a éascaíonn cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhpháirteacha forghníomhaithe ag na Ballstáit, lena n-áirítear imscrúduithe comhpháirteacha. Ba cheart go mbeifí in ann, leis an struchtúr tacaíochta riaracháin sin, acmhainní a roinnt agus córas cumarsáide agus faisnéise a choimeád idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus, leis sin, cuidiú le forfheidhmiú an toirmisc a neartú.
- (45) Ós rud é gur fadhb é saothar éigeantais atá ar fud an domhain agus i bhfianaise idirnáisc na slabhraí luacha domhanda, ní mór comhar idirnáisiúnta i gcoinne saothar éigeantais a chur chun cinn, rud a chuirfeadh feabhas freisin ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú an toirmisc. Ba cheart don Choimisiún comhar a dhéanamh le húdaráis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar is iomchuí, agus faisnéis a mhalartú leo chun cur chun feidhme éifeachtach an toirmisc a fheabhsú. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha nach tíortha den Aontas iad ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana, mar shampla Idirphlé maidir le Cearta an Duine le tríú tíortha, nó, más gá cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc.
- (46) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba

³⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

³⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶.

- (47) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"). Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid obair ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a dhréachtú, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhonn tráthuil agus iomchuí.
- (48) Chun a áirithiú go gcuirfear ar fáil do na húdaráis custaim an fhaisnéis go léir is gá maidir leis an táirge chun gníomhú go héifeachtach, lena n-áirítear an fhaisnéis lena sainaithnítear an táirge ábhartha, faisnéis faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faisnéis faoi na soláthraithe táirgí maidir le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Ní mór a chur ar chumas na n-údarás custaim faisnéis a fháil go tapa ar tháirgí sonracha, arna sainaithint i gcinntí na n-údarás inniúil chun gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanamh go héifeachtach agus go tapa. I gcásanna den sórt sin, ba cheart gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i nós imeachta práinne.
- (49) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon, toirmeasc, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (50) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha lena gcuirtear toirmeasc ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí a dhéantar le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais, iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó iad a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais.

³⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

2. Ní chumhdóidh an Rialachán seo tarraingt siar táirgí a bhfuil na húsáideoirí deiridh bainte amach acu ar mhargadh an Aontais.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘saothar éigeantais’ saothar éigeantais nó éigeantach mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear saothar leanaí éigeantais;
- (b) ciallaíonn ‘saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit’ úsáid saothair éigeantais mar a thuairiscítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún chun Saothar Éigeantach a chur ar ceal, 1957 (Uimh. 105) den chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;
- (c) ciallaíonn ‘dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais’ iarrachtaí an oibreora eacnamaíoch chun ceanglais shainordaitheacha, treoirlínte deonacha, moltaí nó cleachtais a chur chun feidhme chun saothar éigeantais a shainathint, a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur le húsáid an tsaothair éigeantais maidir le táirgí atá le cur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó atá le honnmhairiú;
- (d) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ aon soláthar táirge lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sé ar íocaíocht nó saor in aisce agus i gcás ina dtairgtear an táirge le díol ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíola, meastar go ndéantar é a chur ar fáil ar an margadh nuair a dhéantar an tairiscint díola a dhíriú ar úsáideoirí san Aontas;
- (e) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;
- (f) ciallaíonn ‘táirge’ aon táirge is féidir a luacháil in airgead agus atá in ann, sa cháiil sin, a bheith ina ábhar d’idirbhearta tráchtála, cibé acu a eastóscatar, a bhuaintear, a tháirgtear nó a mhonaraítear é, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann le táirge ag aon chéim de shlabhra soláthair an táirge sin;
- (g) ciallaíonn ‘táirge a dhéantar le saothar éigeantais’ táirge ar úsáideadh saothar éigeantais ina leith go hiomlán nó go páirteach ag aon chéim dá eastóscadh, dá bhuaint, dá tháirgeadh nó dá mhonarú, lena n-áirítear oibriú nó próiseáil a bhaineann le táirge ag aon chéim de shlabhra soláthair an táirge sin;
- (h) Ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó comhlachas daoine atá ag cur táirgí ar mhargadh an Aontais nó ag cur táirgí ar fáil ar mhargadh an Aontais nó ag onnmhairiú táirgí;
- (i) ciallaíonn ‘monaróir’ monaróir an táirge de bhun reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis an táirge sin;
- (j) ciallaíonn ‘táirgeoir’ táirgeoir táirgí talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 38(1) CFAE nó táirgeoir amhábhair;
- (k) ciallaíonn ‘soláthróir táirgí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhlachas daoine sa slabhra soláthair a eastóscann, a bhuaineann, a tháirgeann nó a mhonaraíonn táirge go hiomlán nó go páirteach, nó a dhéanann idiragairt san oibriú nó sa phróiseáil a bhaineann le táirge ag aon chéim dá slabhra soláthair, cibé acu mar mhonaróir nó in imthosca ar bith eile;

- (l) ciallaíonn “allmhaireoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhlachas daoine atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ar mhargadh an Aontais ó thríú tír;
- (m) ciallaíonn ‘onnmhaireoir’ onnmhaireoir mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (19) de Rialachán arna Tharmligean (AE) Uimh. 2015/2446 ón gCoimisiún³⁷;
- (n) ciallaíonn ‘ábhar imní a bhfuil bunús leis’ cúis a bhfuil bonn maith leis, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus infhíoraithe, chun go mbeadh amhras ar na húdaráis inniúla gur dócha go ndearnadh táirgí le saothar éigeantais;
- (o) ciallaíonn ‘údarais chustaim’ údarais chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe 1, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (p) ciallaíonn ‘táirgí atá ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais’ táirgí ó thríú tíortha atá beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais nó atá beartaithe d’úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch custaim an Aontais agus atá curtha faoin nós imeachta custaim ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’;
- (q) ciallaíonn ‘táirgí a fhágann margadh an Aontais’ táirgí a chuirtear faoin nós imeachta custaim ‘onnmhairiú’;
- (r) ciallaíonn ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (s) ciallaíonn ‘onnmhairiú’ an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 269 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (t) Ciallaíonn ‘Córas Malartaithe Deimhnithe Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim nó (AE CSW-CERTEX) an córas arna bhunú le hAirteagal 4 de [Rialachán (AE) XX/20XX lena mbunaítear Timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952). /2013 COM/2020/673 críochnaitheach];
- (u) Ciallaíonn “timpeallachtaí náisiúnta fuinneoige aonair do chustaim” na timpeallachtaí náisiúnta fuinneoige aonair do chustaim mar a shainmhínítear i bpointe 9 d’Airteagal 2 de [Rialachán (AE) XX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸].

Airteagal 3

Toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais

Ní dhéanfaidh oibreacha eacnamaíochta táirgí a dhéantar le saothar éigeantais a chur ar mhargadh an Aontais ná a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, ná ní dhéanfaidh siad táirgí den sórt sin a onnmhairiú.

Caibidil II

³⁷ Rialachán arna Tharmligean (AE) 2015/2446 an 28 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12. 2015, lch. 1.

³⁸ Rialachán (AE) XX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ,IO,

Imscrúduithe agus cinntí na n-údarás inniúil

Airteagal 4

Réamhchéim na n-imscrúduithe

1. Leanfaidh na húdaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht gur sháraigh oibreoirí eacnamaíocha Airteagal 3. Beidh an measúnú sin bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) aighneachtaí arna ndéanamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó ag aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige de bhun Airteagal 10;
 - (b) na táscairí riosca agus faisnéis eile de bhun Airteagal 23, pointe (b) agus pointe (c);
 - (c) an bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11;
 - (d) faisnéis agus cinntí atá ionchódaithe sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), lena n-áirítear aon chásanna san am a chuaigh thart inar chomhlíon oibreoir eacnamaíoch Airteagal 3 nó nár chomhlíon oibreoir Airteagal 3;
 - (e) faisnéis arna hiarraidh ag an údarás inniúil ó údaráis ábhartha eile, nuair is gá sin, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú faoi réir dícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais agus cé acu a thugann nó nach dtugann siad faoi dhícheall cuí i ndáil le saothar éigeantais i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme nó le reachtaíocht na mBallstát lena leagtar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí agus trédhearcacht maidir le saothar éigeantais.
2. Agus measúnú á dhéanamh acu ar an dóchúlacht gur sháraigh oibreoirí eacnamaíocha Airteagal 3, díreoidh na húdaráis inniúla ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le céimeanna an tslabhra luacha chomh gar agus is féidir don áit ar dócha go dtarlóidh riosca um shaothar éigeantais agus cuirfidh siad san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta.
3. Sula dtionscnaítear imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 5(1), iarrfaidh an t-údarás inniúil ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú faisnéis faoi bhearta arna nglacadh chun rioscaí um shaothar éigeantais ina gcuid oibríochtaí agus ina gcuid slabhraí luacha a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo i ndáil leis na táirgí atá á measúnú, lena n-áirítear ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht na mBallstát is infheidhme lena leagtar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí agus trédhearcacht maidir le saothar éigeantais;
 - (b) na treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 23, pointe (a);
 - (c) treoirlínte maidir le dícheall cuí nó moltaí na NA, EIS, ECFE nó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile;
 - (d) aon dícheall cuí eile maidir le saothar éigeantais.

4. Freagróidh oibreoirí eacnamaíocha iarraidh an údaráis inniúil dá dtagraítear i mír 3 laistigh de 15 lá oibre ón lá a bhfaigheann siad an iarraidh sin. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis eile a mheasfaidh siad a bheith úsáideach chun críocha an Airteagail seo a sholáthar d'údaráis inniúla.
5. Laistigh de 30 lá oibre ón dáta a bhfaighidh siad an fhaisnéis arna tiolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun mhír 4, tabharfaidh na húdaráis inniúla an réamhchéim dá n-imscrúdú i gcrích maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil bunús leis an ábhar inní a bhaineann le sárú ar Airteagal 3 ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na faisnéise arna cur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun mhír 4.
6. Glacfaidh an t-údarás inniúil san áireamh go cuí i gcás ina dtaispeánfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanann sé dícheall chuí ar bhonn tionchar sainaitheanta saothair éigeantais ina slabhra soláthair, go nglacfaidh agus go ndéanfaidh sé bearta atá oiriúnach agus éifeachtach chun deireadh a chur leis an saothar éigeantais i dtréimhse ghearr ama.
7. Ní thionscnóidh údaráis inniúla imscrúdú de bhun Airteagal 5, agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi mheasúnú ar an eolas dá réir sin, i gcás, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na faisnéise arna cur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha de bhun mhír 4, go measann na húdaráis inniúla nach bhfuil aon ábhar inní a bhfuil bunús leis maidir le sárú ar Airteagal 3, mar shampla de bharr, ach gan a bheith teoranta dó, an reachtaíocht, na treoirlínte, na moltaí nó aon dícheall cuí eile i ndáil le saothar éigeantais dá dtagraítear i mír 3 a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhealach a mhaolaíonn, a choisceann agus a chuireann deireadh le riosca um shaothar éigeantais.

Airteagal 5

Imscrúduithe

1. Cinnfidh údaráis inniúla a chinneann, de bhun Airteagal 4(5), go bhfuil bunús leis an ábhar inní a bhaineann le sárú ar Airteagal 3, imscrúdú a thionscnamh ar na táirgí agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.
2. Déanfaidh údaráis inniúla a thionscnaíonn imscrúdú de bhun mhír 1 na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir an imscrúdaithe a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas, laistigh de 3 lá oibre ó dháta an chinnidh imscrúdú den sórt sin a thionscnamh:
 - (a) tionscnamh an imscrúdaithe agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith air;
 - (b) na táirgí atá faoi réir an imscrúdaithe;
 - (c) na cúiseanna atá leis an imscrúdú a thionscnamh, mura rud é go gcuirfeadh sé toradh an imscrúdaithe i mbaol;
 - (d) an fhéidearthacht atá ag na hoibreoirí eacnamaíocha aon doiciméad nó faisnéis eile a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, agus an dáta nach mór an fhaisnéis sin a chur isteach.
3. I gcás ina n-iarrfaidh údaráis inniúla déanamh amhlaidh, cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú aon fhaisnéis atá ábhartha agus riachtanach don imscrúdú faoi bhráid na n-údarás inniúil sin, lena n-áirítear faisnéis lena sainaitheann na táirgí atá faoi imscrúdú, monaróir nó táirgeoir na dtáirgí sin agus

soláthraithe na dtáirgí. Agus faisnéis den sórt sin á iarraidh acu, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a mhéid is féidir:

- (a) tosaíocht a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi imscrúdú agus atá bainteach leis na céimeanna den slabhra luacha atá chomh gar agus is féidir don áit a bhfuil an riosca dóchúil a dtarlaíonn saothar éigeantais agus
 - (b) glacfaidh siad san áireamh méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha, cainníocht na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith le scála an tsaothair éigeantais amhrasta.
4. Tíolacfaidh oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis laistigh de 15 lá oibre ón iarraidh dá dtagraítear i mír 3 nó déanfaidh siad iarraidh a bhfuil bonn cirt leis ar shíneadh ar an teorainn ama sin.
 5. Agus na teorainneacha ama dá dtagraítear san Airteagal seo á gcinneadh, measfaidh na húdaráis inniúla méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.
 6. Féadfaidh na húdaráis inniúla gach seiceáil agus cigireacht is gá a dhéanamh lena n-áirítear imscrúduithe i dtríú tíortha, ar choinníoll go dtugann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a dtoiliú agus go bhfuil fógra tugtha go hoifigiúil do rialtas an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfuil na cigireachtaí le déanamh agus nach n-ardaíonn sé aon agóid.

Airteagal 6

Cinntí na n-údarás inniúil

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise ar fad a bhailítear de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus, ar an mbonn sin, cinnífidh siad cibé ar sáraíodh Airteagal 3, laistigh de thréimhse réasúnach ama ón dáta a thionscain siad an t-imscrúdú de bhun Airteagal 5(1).
2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla a shuíomh gur sáraíodh Airteagal 3 ar bhonn aon fhíorais eile a bhí ar fáil i gcás nárbh fhéidir faisnéis agus fianaise a bhailiú de bhun Airteagal 5(3) nó (6).
3. I gcás nach féidir le húdaráis inniúla a shuíomh gur sáraíodh Airteagal 3, déanfaidh siad cinneadh an t-imscrúdú a dhúnadh agus cuirfidh siad an t-oibreoir eacnamaíoch ar an eolas faoi sin.
4. I gcás ina suífidh údaráis inniúla gur sáraíodh Airteagal 3, glacfaidh siad gan mhoill cinneadh ina mbeidh:
 - (a) toirmeasc ar na táirgí lena mbaineann a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus iad a onnmhairiú;
 - (b) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe na táirgí ábhartha atá curtha ar mhargadh an Aontais cheana féin nó atá curtha ar fáil ar mhargadh an Aontais cheana féin a tharraingt siar ón margadh;
 - (c) ordú do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhí faoi réir an imscrúdaithe na táirgí faoi seach a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais.
5. I gcás inar mhainnigh oibreoir eacnamaíoch an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a chomhlíonadh, áiritheoidh na húdaráis inniúla gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) go bhfuil sé toirmisceithe na táirgí lena mbaineann a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh;
 - (b) go ndéantar na táirgí atá curtha ar an margadh nó atá curtha ar fáil ar an margadh cheana féin a tharraingt siar ó mhargadh an Aontais;
 - (c) go ndéantar aon táirge atá fágtha ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais ar chostas an oibreora eacnamaíoch.
6. I gcás ina gcuireann oibreoirí eacnamaíocha fianaise ar fáil do na húdaráis inniúla gur chomhlíon siad an cinneadh dá dtagraítear i mír 4, agus gur chuir siad deireadh le saothar éigeantais ina n-oibríochtaí nó ina slabhra soláthair maidir leis na táirgí lena mbaineann, tarraingeoidh na húdaráis inniúla a siar a gcinneadh ag dul ar aghaidh agus cuirfidh siad na hoibreoirí eacnamaíocha ar an eolas.

Airteagal 7

Ábhar an chinnidh

1. Beidh gach ceann díobh seo a leanas sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4):
 - (a) torthaí an imscrúdaithe agus an fhaisnéis atá mar bhonn agus thaca ag na torthaí;
 - (b) teorainn ama réasúnach chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha an t-ordú, nach lú ná 30 lá oibre agus nach faide ná mar is gá chun na táirgí faoi seach a tharraingt siar. Nuair a bheidh teorainn ama den sórt sin á socrú aige, glacfaidh an t-údarás inniúil méid agus acmhainní eacnamaíocha an oibreora eacnamaíoch san áireamh;
 - (c) an fhaisnéis ábhartha go léir agus go háirithe na mionsonraí lena gceadaítear an táirge, lena mbaineann an cinneadh, a shainaithint, lena n-áirítear mionsonraí faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faoi sholáthraithe an táirge;
 - (d) i gcás ina bhfuil sí ar fáil agus inar infheidhme, faisnéis a éilítear faoin reachtaíocht chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar mionsonraí na faisnéise atá le háireamh sna cinntí a shonrú tuilleadh. Áireofar sna mionsonraí sin ar a laghad mionsonraí na faisnéise a chuirfear ar fáil d'údarais chustaim i gcomhréir le hAirteagal 16(3). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin de bhun Airteagal 29.

Airteagal 8

Athbhreithniú ar chinntí

1. Tabharfaidh údarais inniúla deis d'oibreoirí eacnamaíocha a ndéanann cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(4) difear dóibh athbhreithniú a iarraidh ar an gcinneadh sin laistigh de 15 lá oibre ón dáta a bhfaighfear an cinneadh sin. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is 5 lá oibre an teorainn ama sin. Beidh faisnéis san iarraidh ar athbhreithniú a léireoidh go gcuirtear na táirgí ar an margadh nó go gcuirtear ar fáil ar an margadh iad nó go n-onnmhaireofar iad i gcomhréir le hAirteagal 3.

2. Beidh faisnéis nua nár tugadh ar aird an údaráis inniúil le linn an imscrúdaithe san iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(4). Cuirfidh an iarraidh ar athbhreithniú moill ar fhorfheidhmiú an chinnidh arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(4) go dtí go gcinntí an t-údarás inniúil ar an iarraidh ar athbhreithniú.
3. Déanfaidh údarás inniúil cinneadh maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú laistigh de 15 lá oibre ón dáta a bhfaighfear an iarraidh. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is 5 lá oibre an teorainn ama sin.
4. I gcás ina measann údarás inniúil, tar éis dó an fhaisnéis nua arna sholáthar ag oibreoir eacnamaíoch a chur san áireamh i gcomhréir le mír 1, nach féidir leis a shuíomh gur cuireadh na táirgí ar an margadh nó gur cuireadh na táirgí ar fáil ar an margadh nó go bhfuil siad á n-onnmhairiú de shárú ar Airteagal 3, déanfaidh sé a chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 6(4) a tharraingt siar.
5. Beidh rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha a ndearna cinneadh údaráis inniúil de bhun an Rialacháin seo difear dóibh ar chúirt chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstaintiúil an chinnidh.
6. Beidh Mír 5 gan dochar d'aon fhoráil den dlí náisiúnta lena gceanglaítear go mbeidh nósanna imeachta athbhreithniúcháin riaracháin spíonta sula rachfar i muinín imeachtaí breithiúnacha.
7. Tá cinntí arna nglacadh ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 6 agus an Airteagail seo gan dochar d'aon chinntí de chineál breithiúnach a dhéanfaidh cúirteanna náisiúnta nó binsí náisiúnta na mBallstát maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha céanna nó na táirgí eacnamaíocha céanna.

Airteagal 9

Oibleagáidí faisnéise na n-údarás inniúil

1. Cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile a úsáideann an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1) ar an eolas gan mhoill faoi na nithe seo a leanas:
 - (a) aon chinneadh gan imscrúdú a thionscnamh tar éis réamhcheim imscrúdaithe, dá dtagraítear in Airteagal 4(7);
 - (b) aon chinneadh imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a thionscnamh.
 - (c) aon chinneadh toirmeasc a chur táirgí a chur ar an margadh agus a chur ar fáil ar an margadh agus a onnmhairiú, chomh maith lena ordú táirgí atá curtha ar an margadh cheana féin nó atá curtha ar fáil ar an margadh cheana féin a tharraingt siar agus a ndiúscairt agus dá dtagraítear in Airteagal 6(4);
 - (d) aon chinneadh imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a dhúnadh;
 - (e) aon tarraingt siar ar an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(6);
 - (f) aon iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch ar athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8(1);
 - (g) aon toradh ar an athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8(4).
2. Déanfaidh an Coimisiún na cinntí, agus an tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), (d), (e) agus (g) a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.

Airteagal 10

Faisnéis maidir le sárúithe ar Airteagal 3 a chur isteach

1. Beidh faisnéis maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha nó na táirgí eacnamaíocha lena mbaineann in aighneachtaí faisnéise ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó ó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, chuig údaráis inniúla maidir le sárúithe líomhnaithe ar Airteagal 3, agus tabharfaidh siad na cúiseanna a thacaíonn leis an líomhain.
2. Cuirfidh an t-údarás inniúil, a luaithe is féidir, an duine nó an comhlachas dá dtagraítear i mír 1 ar an eolas faoi thoradh mheasúnú a n-aighneachta.
3. Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹ maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

Airteagal 11

Bunachar sonraí de limistéir nó táirgí a mbaineann riosca saothair éigeantais leo

1. Iarrfaidh an Coimisiún ar shaineolaithe seachtracha bunachar sonraí tascach, neamh-uileghabhálach, infhíoraithe agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar maidir le rioscaí saothair éigeantais i limistéir gheografacha shonracha nó maidir le táirgí sonracha lena n-áirítear saothar éigeantais arna fhorchur ag údaráis stáit. Beidh an bunachar sonraí bunaithe ar na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23, pointí (a), (b) agus (c), agus foinsí seachtracha faisnéise ábhartha ó, i measc daoine eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus údaráis tríú tíortha.
2. Áiríteoidh an Coimisiún go gcuirfidh saineolaithe seachtracha an bunachar sonraí ar fáil don phobal 24 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Beidh de cheangal freisin ar oibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirgí ar mhargadh an Aontais nó a chuireann táirgí ar fáil ar mhargadh an Aontais nó dhéanann táirgí a onnmhairiú nach bhfuil luaite sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó a thagann ó limistéir nach bhfuil luaite sa bhunachar sonraí sin, Airteagal 3 a chomhlíonadh.

Airteagal 12

Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i gcrích. Beidh údaráis inniúla ainmnithe na mBallstát freagrach as a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.
2. I gcás ina mbeidh níos mó ná údarás inniúil amháin ainmnithe ag na Ballstáit, leagfaidh siad amach go soiléir na dualgais faoi seach agus bunóidh siad sásraí cumarsáide agus comhordaithe a chuirfidh ar chumas na n-údarás sin dul i ndlúthchomhar agus a gcuid dualgas a fheidhmiú go héifeachtach.

³⁹ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.

3. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit eile:
 - (a) ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil nó na n-údarás inniúil ainmnithe;
 - (b) réimsí inniúlachta an údaráis inniúil nó na n-údarás inniúil ainmnithe.
 Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo a nuashonrú go rialta.
4. Déanfaidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ainmnithe a chur ar fáil don phobal ar a shuíomh gréasáin agus déanfaidh sé an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, bunaithe ar na nuashonruithe a gheofar ó na Ballstáit.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla ainmnithe a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le meas cuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá ag a n-údaráis inniúla chun na himscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní buiséadacha leordhóthanacha agus acmhainní eile agus déanfaidh siad dlúthchomhar leis na cigireachtaí náisiúnta saothair agus leis na húdaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine.
6. Déanfaidh na Ballstáit an chumhacht pionóis a fhorchur a thabhairt dá n-údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 30.

Airteagal 13

Comhar riaracháin agus cumarsáide i measc údaráis inniúla

1. Áiritheoidh an Coimisiún comhar éifeachtach i measc údaráis inniúla na mBallstát trí mhalartú agus bailiú faisnéise agus dea-chleachtais a éascú agus a chomhordú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Beidh na húdaráis inniúla rannpháirteach go gníomhach sa Líonra dá dtagraítear in Airteagal 24.

Airteagal 14

Aitheantas do chinntí

1. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit eile cinntí a dhéanfaidh údarás inniúil i mBallstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú a mhéid a bhaineann siad le táirgí a bhfuil an t-aitheantas céanna acu agus ón slabhra soláthair céanna a bhfuarthas saothar éigeantais ina leith.
2. Déanfaidh údarás inniúil a fhaigheann iarraidh, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1), ó údarás inniúil Ballstáit eile ar fhaisnéis chun aon fhianaise arna soláthar ag oibreoir eacnamaíoch a fhíorú, sin a sholáthar laistigh de 15 lá oibre ón dáta a bhfaightear an iarraidh.
3. I gcás ina dtionscnaíonn dhá údarás inniúil nó níos mó imscrúduithe a bhaineann leis na táirgí céanna nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha céanna, is é an príomhúdarás an

ceann a chuir an Coimisiún agus údaráis inniúla Ballstát eile ar an eolas ar dtús faoin gcinneadh imscrúdú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (b).

4. Sula dtionscnóidh sé imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 5, fíoróidh údarás inniúil sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1) cibé an bhfuil príomhúdarás dá dtagraítear i mír 3 ag déanamh imscrúdú ar an táirge céanna agus ar an oibreoir eacnamaíoch céanna.
5. I gcás ina bhfuil príomhúdarás ann dá dtagraítear i mír 3, roinnfidh údaráis inniúla an fhianaise agus an fhaisnéis go léir a d'fhéadfadh a bheith acu leis an bpríomhúdarás sin chun an t-imscrúdú a éascú agus ní chuirfidh siad tús le himscrúdú ar leithligh.
6. Déanfaidh an príomhúdarás an t-imscrúdú agus glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 6 ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfianaise go léir atá os a chomhair.

Caibidil III

Táirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágann margadh an Aontais

Airteagal 15

Rialuithe

1. Beidh táirgí atá ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais nó atá ag fágáil mhargadh an Aontais faoi réir na rialuithe agus na mbearta a leagtar síos sa Chaibidil seo.
2. Tá cur i bhfeidhm na Caibidle seo gan dochar do reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear scaoileadh táirgí i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú táirgí, go háirithe Airteagail 46, 47, 134 agus 267 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
3. Déanfaidh an t-údarás inniúil gan mhoill, i gcás nach mbeidh aon iarraidh ar athbhreithniú tugtha isteach laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 8(1) nó i gcás ina bhfuil an cinneadh cinntitheach i gcás iarraidh ar athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8(3), na nithe seo a leanas a chur in iúl d'údaráis chustaim na mBallstát:
 - (a) aon chinneadh toirmeasc a chur táirgí a chur ar an margadh agus a chur ar fáil ar an margadh agus a onnmhairiú, chomh maith lena ordú táirgí atá curtha ar an margadh cheana féin nó atá curtha ar fáil ar an margadh cheana féin a tharraingt siar agus a ndiúscairt agus dá dtagraítear in Airteagal 6(4);
 - (b) aon chinneadh tar éis an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 8(3).
4. Beidh údaráis chustaim ag brath ar na cinntí a chuirfear in iúl de bhun mhír 3 chun táirgí a bhféadfadh an toirmeasc atá leagtha síos in Airteagal 3 a bheith gan comhlíonadh acu a shainaithint. Chun na críche sin, déanfaidh siad rialuithe ar tháirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágann margadh an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
5. Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl gan mhoill d'údaráis chustaim na mBallstát an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) a tharraingt siar.

Airteagal 16

Faisnéis a chuirfear ar fáil d'údaráis chustaim

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na táirgí nó na grúpaí táirgí a shainaithint dá soláthrófar an faisnéis dá dtagraítear i mír 2 d'údaráis chustaim, i measc daoine eile, ar bhonn an bhunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11 nó faisnéis agus cinntí atá ionchódaithe sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22(1).
2. Soláthrófar do na húdaráis chustaim faisnéis lena sainaithneofar an táirge, faisnéis faoin monaróir nó faoin táirgeoir agus faisnéis faoi na soláthraithe táirgí maidir le táirgí a thagann isteach ar mhargadh an Aontais nó a fhágann margadh an Aontais a bheidh sainaitheanta ag an gCoimisiún de bhun mhír 1, mura bhfuil soláthar faisnéise den sórt sin riachtanach cheana de bhun na reachtaíochta custaim dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar mionsonraí na faisnéise a chuirfear ar fáil d'údaráis chustaim de bhun mhír 1 a shonrú tuilleadh.
4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).
5. I gcás ina sainaithnítear táirge sonracha i gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4), chun go mbeidh ar chumas na n-údarás custaim gníomhú láithreach, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 28 maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 17

Fionraí

I gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim táirge atá ag teacht isteach ar mhargaidh an Aontais nó ag fágáil mhargadh an Aontais a d'fhéadfadh, i gcomhréir le cinneadh a fuarthas de bhun Airteagal 15(3), a bheith ina shárú ar Airteagal 3, déanfaidh siad scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an táirge sin a chur ar fionraí. Tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra do na húdaráis inniúla láithreach maidir leis an bhfionraí agus tarchuirfidh siad gach faisnéis ábhartha chun a chur ar a gcumas a shuíomh cibé an bhfuil an táirge ag teacht faoi chinneadh arna chur in iúl de bhun Airteagal 15(3).

Airteagal 18

Scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena onnmhairiú

1. I gcás ina mbeidh scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú táirge ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 17, scaoilfear an táirge sin i saorchúrsaíocht nó déanfar é a onnmhairiú i gcás ina sásófar gach ceanglas agus foirmiúlacht eile a bhaineann le scaoileadh nó onnmhairiú den sórt sin, agus má shásaítear aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) laistigh de 4 lá oibre ón bhfionraí, mura bhfuil iarrtha ag na húdaráis inniúla ar na húdaráis chustaim an fionraí a choimeád. I gcás táirgí meatacha, ainmhithe agus plandaí is 2 lá oibre an teorainn ama sin;
 - (b) chuir na húdaráis inniúla na húdaráis chustaim ar an eolas faoina bhformheas le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú de bhun an Rialacháin seo.

2. Ní mheasfar gur cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais ná, comhlíonadh an Rialacháin seo, go háirithe, é an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t-onnmhairiú.

Airteagal 19

Scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú a dhiúltú

1. I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid gur táirge a rinneadh le saothar éigeantais é táirge ar tugadh fógra dóibh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17 de bhun cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4), cuirfidh siad de cheangal ar údaráis chustaim gan é a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó gan onnmhairiú an táirge a cheadú.
2. Iontrálfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin láithreach sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 22 (1) agus cuirfidh siad na húdaráis chustaim ar an eolas dá réir. Ar fhógra den sórt sin a fháil, ní cheadóidh na húdaráis chustaim an táirge sin a scaoileadh chun saorchúrsaíochta nó chun onnmhairiú agus áireoidh siad freisin an fógra seo a leanas sa chóras próiseála sonraí custaim agus, i gcás inar féidir, ar an sonrasc tráchtála a ghabhann leis an táirge agus ar aon doiciméad ábhartha eile a ghabhann leis:

‘Táirge arna dhéanamh le saothar éigeantais – ní údaraítear é le scaoileadh chun saorchúrsaíochta/onnmhairiú – Rialachán (AE) XX/20XX’ [OP chun tagairt an Rialacháin seo a léiriú].

Airteagal 20

Bearta maidir le táirgí a ndiúltaítear iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú

I gcás go ndiúltaítear i gcomhréir le hAirteagal 19 táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú, déanfaidh na húdaráis chustaim na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an táirge lena mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais. Beidh feidhm dá réir sin ag Airteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 21

Faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar

1. Chun cur chuige riosca-bhunaithe a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach nó a fhágann margadh an Aontais agus chun a áirithiú go bhfuil na rialuithe éifeachtach agus go ndéantar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, oibreoidh údaráis inniúla agus údaráis chustaim i ndlúthchomhar agus malartóidh siad faisnéis a bhaineann le riosca.
2. Déanfar comhar idir údaráis agus malartú ar an bhfaisnéis riosca is gá chun a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, idir na húdaráis seo a leanas:
 - (a) na húdaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
 - (b) údaráis inniúla agus údaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Caibidil IV

Córais faisnéise, treoirlínte agus forfheidhmiú i gcomhar

Airteagal 22

Córais faisnéise agus cumarsáide

1. Chun críocha Chaibidil II agus III, bainfidh údaráis inniúla leas as an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Beidh rochtain ag an gCoimisiún, ag údaráis inniúla agus ag údaráis chustaim ar an gcóras sin chun críocha an Rialacháin seo.
2. Déanfar na cinntí a chuirfear in iúl de bhun Airteagal 15(3) a iontráil sa timpeallacht ábhartha um bainistiú riosca custaim.
3. Déanfaidh an Coimisiún idirnasc a fhorbairt chun cumarsáid uathoibrithe na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ón gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chuig an timpeallacht dá dtagraítear i mír 4 a chumasú. Tosóidh an t-idirnasc sin ag feidhmiú tráth nach déanaí ná dhá bhliain ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, pointe (b), maidir leis an idirnasc sin.
4. Is trí bhíthin an chórais faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 a dhéanfar iarrataí agus fógraí a mhalartófar idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim de bhun Airteagail 17 go 20 den Rialachán seo chomh maith leis na teachtaireachtaí ina dhiaidh sin.
5. Déanfaidh an Coimisiún na timpeallachtaí fuinneoige aonair náisiúnta do chustaim a idirnascadh leis an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 chun malartú iarrataí agus fógraí a chumasú idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla de bhun Airteagail 17 go 20 den Rialachán seo. Soláthrófar an t-idirnasc sin trí [CSW-CERTEX AE de bhun Rialachán XX/20XX]⁴⁰ laistigh de cheithre bliana ó dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7(c). Déanfar na malartuithe dá dtagraítear i mír 4 tríd an idirnasc sin a luaithe a bheidh sé ag feidhmiú.
6. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a bhaint as an gcóras faireachais dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún maidir le táirgí atá ag teacht isteach nó ag fágáil mhargadh an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus í a tharchur chuig an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1.
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin de bhun Airteagal 29 chun na rialacha nós imeachta agus sonraí na socruithe cur chun feidhme don Airteagal seo a shonrú, lena n-áirítear:
 - (a) na feidhmiúlachtaí, eilimintí sonraí agus próiseáil sonraí, chomh maith leis na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rúndacht agus rialaithe, an chórais faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4;

⁴⁰ Arna bhunú leis an Rialachán maidir le Timpeallacht Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim (EU SWE-C).

- (b) na feidhmiúlachtaí, na heilimintí sonraí agus an phróiseáil sonraí, chomh maith leis na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rúndacht agus rialaitheoireacht don idirasc dá dtagraítear i mír 3;
- (c) na sonraí a bheidh le tarchur idir an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear i mír 1 agus na timpeallachtaí náisiúnta fuinneoige aonair do chustaim chun críocha mhír 5;
- (d) na sonraí atá le tarchur, chomh maith leis na rialacha maidir lena rúndacht agus lena rialaitheoireacht, i gcomhréir le mír 6.

Airteagal 23

Treoirlínte

Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áireofar an méid seo a leanas:

- (a) treoir i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, lena nglacfar san áireamh reachtaíocht infheidhme an Aontais lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais, treoirlínte agus moltaí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le méid agus acmhainní eacnamaíocha na n-oibreoirí eacnamaíocha;
- (b) faisnéis maidir le táscairí riosca um shaothar éigeantais, a bheidh bunaithe ar fhaisnéis neamhspleách agus infhíoraithe, lena n-áirítear tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí gnó, agus taithí ar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme lena leagfar amach ceanglais i ndáil le dícheall cuí maidir le saothar éigeantais;
- (c) liosta de na foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo;
- (d) tuilleadh faisnéise chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú do na húdaráis inniúla;
- (e) treoir maidir le cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 16 agus, i gcás inarb iomchuí, aon fhoráil eile a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán seo.

Airteagal 24

Líonra an Aontais i gcoinne Táirgí Saothair Éigeantais

1. Tá Líonra an Aontais i gcoinne Táirgí Saothair Éigeantais ('an Líonra') bunaithe. Fónfaidh an Líonra mar ardán le haghaidh comhordú agus comhar struchtúrtha idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún, le haghaidh cleachtais maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo a chuíchóiriú laistigh den Aontas, rud a dhéanfaidh forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí.
2. Beidh an Líonra comhdhéanta d'ionadaithe ó údarás inniúil gach Ballstáit, ionadaithe ón gCoimisiún agus, nuair is cuí, saineolaithe ó na húdaráis chustaim.
3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an Líonra:
 - (a) sainaithint comhthosaíochtaí a éascú le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe, chun saineolas faisnéise agus dea-chleachtais a mhalartú;

- (b) imscrúduithe i gcomhar a sheoladh
 - (c) gníomhaíochtaí forbartha acmhainne a éascú agus rannchuidiú le cuir chuige aonfhoirmeacha rioscabhunaithe agus cleachtais riaracháin chun an Rialachán seo a chur chun feidhme sna Ballstáit;
 - (d) rannchuidiú le forbairt treorach chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú;
 - (e) comhar a chur chun cinn agus a éascú chun féidearthachtaí a iniúchadh maidir le teicneolaíochtaí nua a úsáid chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú agus d'inrianaitheacht táirgí.
 - (f) comhar agus malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim;
4. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht agus spreagadh don chomhar idir údaráis forfheidhmithe tríd an Líonra agus trí rannpháirtíocht i gcrúinnithe an Líonra.
 5. Bunóidh an Líonra a rialacha nós imeachta.

CAIBIDIL V

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 25

Rúndacht

1. Ní bhainfidh na húdaráis inniúla leas as faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo ach amháin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
2. I gcás ina n-iarrtar sin, déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla céannacht na ndaoine a sholáthraíonn faisnéis, nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, a láimhseáil mar fhaisnéis rúnda. Beidh achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis a sholáthraítear nó ráiteas ar na cúiseanna nach féidir an fhaisnéis a achoimriú ar bhealach neamhrúnda ag gabháil le hiarraidh ar rúndacht.
3. Ní chuirfear cosc ar an gCoimisiún le mír 2 faisnéis ghinearálta a nochtadh i bhfoirm achomair, ar choinníoll nach mbeidh aon fhaisnéis san fhaisnéis ghinearálta sin lena bhféadfaí soláthraí na faisnéise a shainaithint. Glacfar san áireamh i nochtadh faisnéise ginearálta den sórt sin i bhfoirm achomair leas dlisteanach na bpáirtithe lena mbaineann chun nochtadh faisnéise rúnda a chosc.

Airteagal 26

An Comhar Idirnáisiúnta

1. D'fhonn cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a éascú, féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, dul i gcomhar, i mbun rannpháirtíochta agus faisnéis a mhalartú le húdaráis tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí gnó, i measc daoine eile. Déanfar comhar idirnáisiúnta le húdaráis tíortha nach tíortha den Aontas iad ar bhealach struchtúrtha mar chuid de na struchtúir idirphlé atá ann cheana le tríú tíortha nó, más gá, cinn shonracha a chruthófar ar bhonn ad hoc.

2. Chun críocha mhír 1, is féidir mar thoradh ar chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hionadaithe na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí gnó agus le húdaráis inniúla tríú tíortha, i measc daoine eile, go ndéanfaidh an tAontas bearta tionlacain a fhorbairt chun tacú le hiarrachtaí cuideachtaí agus tíortha comhpháirtíochta agus acmhainní atá ar fáil go háitiúil le dul i ngleic le saothar éigeantais.

Airteagal 27

Gníomhartha Tarmligthe agus Tarmligeán a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16 (1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016⁴¹.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 (1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 28

An nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

⁴¹ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 29

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 30

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le neamh-chomhlíonadh le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
2. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin [OP cuir isteach DÁTA/24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás nár tugadh fógra fúthu roimhe sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 31

Teacht i bhfeidhm agus dáta chur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ón [OP cuir isteach DÁTA = 24 mhí óna theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3 Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4 Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5 Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. An ceanglas/na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar gheall ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoiniúcháin atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le hathshannadh a dhéanamh

1.6 Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7 Modh bainistíochta atá beartaithe

2 BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1 Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2 Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a sainathníodh agus an córas rialaithe inmheánaigh nó an córas/na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

2.3 Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3 AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1 Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne bhuiséid nó na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

3.2 An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin*

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3 An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear toirmeasc ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Margadh inmheánach d'earraí agus seirbhísí
[An comhbheartas tráchtála]

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ Beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁴²

☐ síneadh ar bheart tá ann cheana

☐ Beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Tá an pobal idirnáisiúnta tiomanta do dheireadh a chur le saothar éigeantais faoi 2030 (Spríoc 8.7 na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe). Mar sin féin, tá úsáid fhorleathan á baint as i gcónaí. Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) gur 27.6 milliún duine atá i saothar éigeantais ar fud an domhain.

Is é is cuspóir don togra seo toirmeasc a chur go héifeachtach ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais, lena n-áirítear saothar éigeantais leanaí, a chur ar mhargadh an Aontais, a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas. Clúdaíonn an toirmeasc táirgí intíre, onnmhairithe agus allmhairithe. Ag tógáil ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ag teacht le tionscnaimh chothrománacha agus earnála an Aontais atá ann cheana, go háirithe na hoibleagáidí tuairiscithe agus díchill chuí, tugtar le chéile faoin rialachán toirmeasc in éineacht le creat forfheidhmithe láidir riosca-bhunaithe.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh:

1 Deireadh a chur le saothar éigeantais san Aontas agus an leas a bhaintear as saothar éigeantais ar fud an domhain a laghdú.

2 Údaráis inniúla a chur i bhfeidhm laistigh de na Ballstáit chun dul i ngleic leis na saincheisteanna saothair éigeantais agus tacú leo.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

⁴²

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Táthar ag súil faoin Togra go gcruthófar creat chun táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais agus arna gcur ar fáil san Aontas a shainaithint agus go gcuirfear toirmeasc orthu ina dhiaidh sin.

Beidh sé seo ina dhídhreasacht mhór chun saothar éigeantais a úsáid chun táirgí a tháirgeadh, a eastóscadh, a bhuaireadh nó a mhonarú agus iad a chur ar fáil san Aontas. Tabharfaidh sé cothrom na féinne freisin agus cuirfidh sé deireadh le hiomaíocht éagórach bunaithe ar phraghsanna níos ísle mar gheall ar úsáid saothair éigeantais.

Ó tharla go gcaithfidh oibreoirí eacnamaíocha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna saothair éigeantais ina slabhra soláthair chun na táirgí sin a chur ar aghaidh le muinín san Aontas, tiocfaidh laghdú ar íospartaigh saothair éigeantais. Ina theannta sin, áireofar sa ghníomh atá beartaithe bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaothar éigeantais-arna chur chun cinn ag an stát.

Leis na huirlisí atá le cur i bhfeidhm don togra seo, beidh treoir agus faisnéis bhreise ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le conas saothar éigeantais a sheachaint ina slabhra soláthair, agus cuirfear tomhaltóirí ar an eolas maidir leis na táirgí ar úsáideadh saothar éigeantais ina leith.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

An líon imscrúduithe réamhchéime agus imscrúduithe a rinneadh;

An líon táirgí arna sainaithint a raibh saothar éigeantais ag baint leo.

An méid táirgí a tarraingíodh siar as an margadh nó nár ceadaíodh do shaorchúrsaíocht ag an teorainn.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tiocfaidh an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus beidh sé infheidhme [24] mí tar éis an dáta sin.

Mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh ar an gCoimisiún treoirilínte a ullmhú do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí eacnamaíocha, laistigh de [18] mí óna theacht i bhfeidhm (Airteagal 23).

Cuirfidh an Coimisiún bunachar sonraí ar fáil freisin de tháirgí agus limistéir lena mbaineann rioscaí um shaothar éigeantais, agus iarrfaidh sé saineolas seachtrach (Airteagal 11).

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na rialacha nós imeachta agus mionsonraí na socruithe cur chun feidhme maidir leis na córais faisnéise agus cumarsáide (Airteagal 22) a shainiú agus chun mionsonraí na faisnéise atá le háireamh i gcinntí na n-údarás inniúil a shonrú tuilleadh (Airteagal 7).

1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar gheall ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le*

rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

Is ionann a mhéid a úsáidtear saothar éigeantais agus tábhacht mhargadh an Aontais do tháirgeoirí a úsáideann saothar éigeantais agus cúiseanna láidre chun gníomhú ar leibhéal an Aontais chun stop a chur le táirgí den sórt sin a chur ar mhargadh an Aontais nó iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais le súil is deireadh a chur leis an bhfeiniméan seo.

Ní dócha go mbeidh beart ar leibhéal reachtaíocht na mBallstát amháin sa réimse seo leordhóthanach agus éifeachtúil chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Tá reachtaíocht Eorpach agus comhar maidir le forfheidhmiú riachtanach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Éileofar forálacha coiteanna sa réimse seo chun go bhfeidhmeoidh margadh an Aontais.

- Ní mór don iarracht forfheidhmithe a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Mura mbeidh forfheidhmiú chomh dian céanna in áiteanna san Aontas, cruthófar limistéir laga, a bhféadfadh baol a bheith i gceist leo do leas an phobail agus coinníollacha éagóracha trádála a chruthú.

- Is minic go mbíonn éifeachtaí trasteorann i gceist le rioscaí saothair éigeantais i slabhraí luacha cuideachtaí, a shroicheann roinnt Ballstát san Aontas agus/nó tíortha nach den Aontas iad. Tugann sin chun suntais an gá atá le cur chuige uile-Aontais, a mbeidh cinnteacht dlí ag baint leis agus cothrom na féinne a thabhairt do chuideachtaí atá ag feidhmiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus lasmuigh de.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (ex post)

Trí thoirmeasc a chur ar tháirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a bheith ar fáil ar mhargadh an Aontais, cuirfidh an tAontas go mór le deireadh a chur le saothar éigeantais ar fud an domhain. Rachaidh sé sin chun tairbhe freisin íospartaigh saothair éigeantais mar go dtabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha aghaidh ar shaothar éigeantais trí bhearta iomchuí a ghlacadh amhail cúiteamh a íoc, conarthaí fostaíochta a cheartú, srl i gcomhréir le caighdeáin díchill chuí idirnáisiúnta.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Is beart nua é an rialachán reatha agus níl aon taithí air go dtí seo san Aontas. Nuair a bhíodhas á forbairt, áfach, d'fhoghlaimíomar ón taithí ó bhearta den sórt céanna arna nglacadh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag tíortha comhpháirteacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá go háirithe.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tosaíocht pholaitiúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh is ea an togra agus comhlíonann sé an tiomantas chun meas ar chearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain. Comhlánaíonn sé tograí reachtacha eile de chuid an Choimisiúin amhail an togra le haghaidh Treoir i ndáil le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus an togra le haghaidh Rialachán maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corporáideach.

Tógann sé ar an loighic atá le reachtaíocht eile a bhaineann le táirgí amhail an Rialachán um Fhaireachas Margaidh. Ina theannta sin, tá an ionstraim faisnéise agus cumarsáide is gá chun an rialachán seo a fhorfheidhmiú bunaithe ar an gcóras a cruthaíodh don Rialachán um Fhaireachas Margaidh.

Maidir le hobair na n-údarás custaim agus na nósanna imeachta custaim, déanfar na córais atá i bhfeidhm cheana féin dóibh sin a chur in oiriúint chun go bhféadfar an Rialachán seo a chur chun feidhme.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoiniúcháin atá ar fáil, lena n-áirítear na feidearthachtaí maidir le hathshannadh a dhéanamh*

Ó tharla go dtagann na táirgí ar fad arna gcur ar fáil ar mhargadh an Aontais faoi raon feidhme an Rialacháin agus de bharr go bhfuil na gníomhaíochtaí chomh nuaí is atá, beidh acmhainní daonna agus acmhainní riaracháin breise riachtanach chomh maith le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí.

Beidh costais bhliantúla ar an gCoimisiún maidir leis na forálacha seo a leanas:

- Treoirlínte agus bunachar sonraí maidir le réimsí agus táirgí a mbaineann riosca saothair éigeantais leo
- Coiste agus Líonra an Aontais um Tháirgí Saothair Éigeantais (Airteagal 24) (Airteagal 27)
- Córas Faisnéise agus Cumarsáide (Airteagal 22)

Tréimhse neamhtheoranta atá i gceist leis an togra. Fónfaidh an Coimisiún mar rúnaíocht do Líonra an Aontais um Tháirgí Saothair Éigeantais, rud a éileoidh acmhainní daonna seasta. Maidir leis an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide, beidh gá modúl nua a bhunú den chóras faisnéise agus cumarsáide atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020, chomh maith le córais faisnéise le haghaidh custaim a chur in oiriúint. Éileoidh na treoirlínte agus an bunachar sonraí (i gcás ina gcuirfear ionchur seachtrach ar fáil) riarachán ón gCoimisiún freisin. Meastar go mbeidh níos mó acmhainní daonna ag teastáil ó gach cúram sa chéad dá bhliain den chur chun feidhme.

Meastar roimh ré go mbeidh acmhainní daonna de dhíth i leith na bhforálacha seo mar a léirítear thíos i gCoibhéisí Lánaimseartha (FTE). Roinnfi na FTEanna idir AS GROW, AS TRÁDÁIL agus AS TAXUD, agus bheadh foireann AD agus AST i gceist leo.

	An chéad bhliain i ndiaidh glactha	Dara bliain i ndiaidh glactha	Blianta ina dhiaidh sin
Treoirlínte agus bunachar sonraí	3	3	3
Líonra an Aontais um Tháirgí Saothair Éigeantais	6	3	3
Córas Faisnéise agus Cumarsáide	4	3	2

Chomh maith leis sin, tabhóidh an togra caiteachais bhreise riaracháin. Bainfidh siad seo go príomha le costais a bhaineann leis an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide, ach freisin le costais riaracháin a bhaineann le hóstáil an bhunachair sonraí, le treoirlínte a fhoilsiú, agus cruinnithe an Líonra agus an Choiste a eagrú. Meastar gur 4.3 milliún EUR a bheadh na costais sin.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2024 go [2025],
- agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁴³

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ag ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ ag gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistiú atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistiú indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair mionsonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

--

⁴³

Is féidir mionsonraí na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh an mhinicíocht agus na coinníollacha.

Beidh feidhm leis na gnáthchaighdeáin chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachais an Choimisiúin chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is ionann an modh bainistíochta don tionscnamh seo agus bainistíocht dhíreach arna déanamh ag an gCoimisiún agus titfidh na freagrachtaí a bhaineann lena chur i bhfeidhm ar a chuid ranna. Is iad na cúiseanna atá leis sin:

- an lear mór ábhair beartais atá i gceist amhail forbairt na dtreoirlínte;
- tá na córais faisnéise agus cumarsáide atá de dhíth chun an reachtaíocht seo a chur chun feidhme faoi smacht sheirbhísí an Choimisiúin mar atá.

Déanfaidh coiste a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe Ballstát cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a sainaitníodh agus an córas rialaithe inmheánaigh nó an córas/na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Baineann rioscaí oibriúcháin leis na córais faisnéise agus cumarsáide agus go dteipeann orthu tacaíocht éifeachtach a thabhairt don chomhar idir na húdaráis inniúla agus a gcomhar le húdaráis chustaim.

Rioscaí oibriúcháin a bhaineann leis an mbunachar sonraí maidir le chomh feidhmiúil agus faisnéiseach a bheadh sé do na húdaráis inniúla.

Treoir:

Áirítear leis seo míniú a thabhairt ar mar atáthar ag tabhairt aghaidh anois ar na bunchúiseanna a bhí le rátaí arda earráide sa chlár/sna cláir roimhe seo, e.g. trí mhódúlachtaí a bhí casta roimhe sin a shimpliú a raibh seans ann go ndéanfaí earráidí ina leith agus/nó trí na rialuithe (ex-ante agus/nó ex-post) le haghaidh gníomhaíochtaí a mbaineann riosca ard leo a threisiú.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Is beag costas a bheidh ar na rialuithe i gcomparáid leis na leithreasuithe d'fhorfheidhmiú na reachtaíochta.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Beidh na bearta a chuirfidh an Coimisiún chun feidhme faoi réir rialuithe ex-ante agus ex-post i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Sonrófar go sainráite i gconarthaí agus i gcomhaontuithe lena maoiníofar cur chun feidhme an Rialacháin seo, go bhfuil an Coimisiún, lena n-áirítear OLAF agus Cúirt na nIniúcháirí, i dteideal iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceanntheidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid nó na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheanntheidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Líon	LD/LN ⁴⁴ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁴⁵	ó thíortha is iarrthóirí ⁴⁶	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1	03.010101 - Caiteachas tacaíochta do Chlár an Mhargaidh Aonair	Neamhdhi freáilte	BHAIN	BHAIN ⁴⁷	BHAIN ⁶	NÍOR BHAIN
1	03.020101 - Oibríocht agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí	Difreáilte	BHAIN	TBD ⁶	TBD ⁶	NÍOR BHAIN
1	03.020107 – Faireachas Margaidh	Difreáilte	BHAIN	TBD ⁶	TBD ⁶	NÍOR BHAIN
6	14.200402 - Caidreamh trádála seachtrach agus Cúnamh don Trádáil	Difreáilte	NÍOR BHAIN	NÍOR BHAIN	NÍOR BHAIN	NÍOR BHAIN

⁴⁴ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴⁵ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴⁶ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

⁴⁷ Tá caibidlíocht maidir le rannpháirtíocht tíortha is iarrthóirí agus tríú tíortha i gClár an Mhargaidh Aonair ar bun faoi láthair

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Teicneolaíocht Dhigiteach
--	---	---

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

AS: GROW			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí								
Líne bhuiséid 03.020101 - Oibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh earraí agus seirbhísí	Gealltanais	(1a)	0.602	0.612	0.425	0.375	0.000	2.014
	Íocaíochtaí	(2a)	0.301	0.607	0.519	0.400	0.187	2.014
Líne bhuiséid 03.020107 – Faireachas Margaidh	Gealltanais	(1b)	0.182	0.182	0.075	0.075	0.000	0.514
	Íocaíochtaí	(2b)	0.050	0.134	0.155	0.100	0.075	0.514
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁴⁸								
Líne bhuiséid 03.010101 - Caiteachas tacaíochta do Chlár an Mhargaidh Aonair		(3)	0	0	0.062	0.062	0.000	0.124

⁴⁸ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair ARD- STIÚRTHÓIREACHT GROW⁴⁹	Gealltanais	=1a+1b +3	0.784	0.794	0.562	0.512	0.000	2.652
	Íocaíochtaí	= 2a+ 2b +3	0.351	0.741	0.736	0.562	0.150	2.652

IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0.784	0.794	0.500	0.450	0.000	2.528
	Íocaíochtaí	(5)	0.351	0.741	0.674	0.500	0.262	2.528
	IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach	(6)	0.000	0.000	0.062	0.062	0.000	0.124
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 1 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0.784	0.794	0.562	0.512	0.000	2.652
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.351	0.741	0.736	0.562	0.262	2.652

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	6	An Chomharsanacht agus an Domhan
--	---	----------------------------------

⁴⁹ Clúdaíonn na leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí ó Ard-Stiúirthóireacht GROW freisin costais EUR 1.5 milliún ó Ard-Stiúirthóireacht TAXUD don tréimhse 2024-2027 maidir leis an gcóras Malartú Deimhnithe Fhuinneog Aonair an Aontais do Chustaim (AE CSW-CERTEX), chomh maith leis an gComhchóras Bainistíochta Riosca (CRMS 2).

AS: TRÁDÁIL			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí								
Líne bhuiséid - 14.200402 - Caidreamh trádála seachtrach agus Cúnamh don Trádáil ⁵⁰	Gealltanais	(1a)	0750	0300	0300	0300	0.000	1.650
	Íocaíochtaí	(2a)	0.200	0.600	0.300	0.300	0.250	1.650
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁵¹								
Líne bhuiséid		(3)						
IOMLÁN na leithreasuithe D'ARD-STIÚRTHÓIREACHT TRÁDÁIL	Gealltanais	=1a+1b +3	0750	0300	0300	0300	0.000	1.650
	Íocaíochtaí	= 2a+ 2b +3	0.200	0.600	0.300	0.300	0.250	1.650

○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0750	0300	0300	0300	0.000	1.650
	Íocaíochtaí	(5)	0.200	0.600	0.300	0.300	0.250	1.650
○ IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna		(6)						

⁵⁰ Clúdóidh an líne bhuiséid seo na costais a bhaineann leis na táscairí riosca agus an bunachar sonraí a fhorbairt.

⁵¹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 6 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0750	0300	0300	0300	0.000	1.650
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.200	0.600	0.300	0.300	0.250	1.650

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	1.534	1.094	0.800	0.750	0.000	4.178
	Íocaíochtaí	(5)	0.551	1.341	0.974	0.800	0.512	4.178
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0.000	0.000	0.062	0.062	0.000	0.124
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 6 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	1.534	1.094	0.862	0.812	0.000	4.302
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.551	1.341	1.036	0.862	0.512	4.302

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a iontráladh ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
ARD-STIÚRTHÓIREACHT: GROW						
○ Acmhainní daonna		0.883	0.484	0.327	0.327	2.021
○ Caiteachas riaracháin eile						
IOMLÁN ARD-STIÚRTHÓIREACHT GROW	Leithreasuithe	0.883	0.484	0.327	0.327	2.021

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
ARD-STIÚRTHÓIREACHT: TAXUD						
Acmhainní daonna		0.242	0.242	0.242	0.242	0.968
Caiteachas riaracháin eile						
IOMLÁN ARD-STIÚRTHÓIREACHT	Leithreasuithe	0.242	0.242	0.242	0.242	0.968

TAXUD						
--------------	--	--	--	--	--	--

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
ARD-STIÚRTHÓIREACHT: TRÁDÁIL						
○ Acmhainní daonna		0.484	0.399	0.399	0.399	1.681
○ Caiteachas riaracháin eile						
IOMLÁN ARD-STIÚRTHÓIREACHT TRÁDÁIL	Leithreasuithe	0.484	0.399	0.399	0.399	1.681

IOMLÁN leithreasuithe faoi Ceannteideal 7 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1.609	1.125	0.968	0.968	4.670
--	--	-------	-------	-------	-------	--------------

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe	Gealltanais	3.143	2.219	1.830	1.780	0.000	8.972

faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	2.160	2.466	2.004	1.830	0.512	8.972
--	-------------	-------	-------	-------	-------	-------	--------------

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Gealltanais leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál 52	Meán chostas	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Níor bhain	Bhain	Líon Iomlá n	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁵³ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach																		

⁵² Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc).

⁵³ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir sonracha/cuspóirí sonracha...’

Uimh. 2																
IOMLÁN																

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil					
Acmhainní daonna	1.609	1.125	0.968	0.968	4.670
Caiteachas riaracháin eile					
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 an chreata airgeadais ilbhliantúil	1.609	1.125	0.968	0.968	4.670

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁵⁴ den chreat airgeadais ilbhliantúil					
Acmhainní daonna					
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0.000	0.000	0.062	0.062	0.124
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 an chreata airgeadais ilbhliantúil	0.000	0.000	0.062	0.062	0.124

IOMLÁN	1.609	1.125	1.030	1.030	4.794
---------------	-------	-------	-------	-------	-------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁵⁴

Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	7	5	4	4
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)				
01 01 01 01 (Taighde indíreach)				
01 01 01 11 (Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)	6	4	4	4
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)				
XX 01 xx yy zz ⁵⁵	- sa Cheanncheathrú			
	- i dToscaireachtaí			
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)				
01 01 01 12 (AC, END, INT – Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
IOMLÁN	13	9	8	8

Is **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiart faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	Dréachtóidh oifigigh agus an fhoireann shealadach treoirlínte le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na n-údarás inniúil, socróidh siad cruinnithe agus rachaidh siad i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin chun an rialachán atá beartaithe a fhorfheidhmiú. Ullmhóidh siad freisin na cruinnithe líonra agus áiritheoidh siad éascú agus comhar idir údaráis inniúla, bainisteoidh siad ICSMS agus an suíomh gréasáin agus áiritheoidh siad go bhfreagraítear ceisteanna ó na páirtithe leasmhara go léir nuair is iomchuí.
Foireann sheachtrach	Tabharfaidh an fhoireann sheachtrach cúnamh breise d'Oifigigh agus don fhoireann shealadach chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Ina theannta sin comhlánóidh siad cúraimí nach dtagann faoi inniúlachtaí na nOifigeach agus na foirne sealadaí, agus

⁵⁵ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

	cúraimí eisceachtúla eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear sainobair.
--	--

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

An togra/tionscnamh:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

Breithneofar athshannadh ar dtús laistigh de Chlár an Mhargaidh Aonair.

- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

An togra/tionscnamh:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú ó thríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ⁵⁶	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁵⁶

Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). An rud céanna i gcás na mblianta ina dhiaidh sin.

An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁵⁷						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh/an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

⁵⁷

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint astu.